

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

12 Samhain 2018



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

I Gníomhartha reachtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2018/1670 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 a mhéid a bhaineann le cainníochtaí ainmniúla de *shochu* aondriogtha, arna tháirgeadh i stil phota agus arna bhuidéalú sa tSeapáin, a chur ar mhargadh an Aontais 1
- ★ Rialachán (AE) 2018/1671 Ó Pharlaimint Na hEorpa Agus Ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/825 chun imchlúdach airgeadais an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach a mhéadú agus cuspóir ginearálta an Chláir sin a oiriúnú 3
- ★ Rialachán (AE) 2018/1672 Ó Pharlaimint na hEorpa agus Ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le rialuithe ar airgead tirim atá ag teacht isteach san Aontas nó ag dul amach as agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1889/2005 6

TREORACHA

- ★ Treoir (AE) 2018/1673 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le sciúradh airgid a chomhrac tríd an dlí coiriúil 22

GA

* Faoin tagairt L 284 a foilsíodh ábhar an eagrán seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

CINNTÍ

- ★ Cinneadh (AE) 2018/1674 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 lena leasaítear Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle maidir le coibhéis cigireachtaí allamuigh arna ndéanamh i bPoblacht Chónaidhmeach na Brasaíle ar bharrá táirgthe síolta plandaí farae agus ar bharrá táirgthe síolta gránach agus maidir le coibhéis síol plandaí farae agus síol gránach arna dtáirgeadh i bPoblacht Chónaidhmeach na Brasaíle, agus maidir le coibhéis cigireachtaí allamuigh arna ndéanamh i bPoblacht na Moldóive ar bharrá táirgthe síolta gránach, barra táirgthe síolta glasraí, agus barra táirgthe síolta plandaí ola agus plandaí snáithín agus maidir le coibhéis síol gránach, síol glasraí agus síol plandaí ola agus plandaí snáithín arna dtáirgeadh i bPoblacht na Moldóive 31

II Gníomhartha neamhrechtacha

CINNTÍ

- ★ Cinneadh (AE) 2018/1675 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le leas a bhaint as an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú tar éis iarratas ón ísiltír — EGF/2018/001 NL/Gníomhaíochtaí seirbhísí airgeadais 36

Ceartúcháin

- ★ Ceartúchán ar Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosáí (Cód Víosáí) (IO L 243, 15.9.2009) 38
- ★ Ceartúchán ar Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosáí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosáí gearrfhanachta a mhalartú idir Bhallstáit (Rialachán VIS) (IO L 218, 13.8.2008) 39
- ★ Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2018/1092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 lena mbunaítear an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta lena ndírítear ar thacú le hiomaíochas agus cumas nuálaíochta thionscal cosanta an Aontais (IO L 200, 7.8.2018) 45

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2018/1670 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 23 Deireadh Fómhair 2018

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 a mhéid a bhaineann le cainníochtaí ainmniúla de *shochu* aondriogtha, arna tháirgeadh i stil phota agus arna bhuidéalú sa tSeapáin, a chur ar mhargadh an Aontais

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) An 29 Samhain 2012, ghlac an Chomhairle Cinneadh lenar údaraíodh an Coimisiún tús a chur le caibidlíocht leis an tSeapáin maidir le Comhaontú Saorthrádála.
- (2) Tugadh an chaibidlíocht maidir le Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch (“an Comhaontú”) i gcrích go rathúil agus síníodh an Comhaontú an 17 Iúil 2018.
- (3) Foráiltear le hIarscríbhinn 2-D a ghabhann leis an gComhaontú go bhfuiltear chun a cheadú *shochu* aondriogtha, mar a shainmhínítear é i bhfo-alt 10 d’Airteagal 3 den Dlí um Cháin ar Dheochanna Meisciúla na Seapáine (Dlí Uimh. 6 de 1953) arna tháirgeadh i stil phota agus arna bhuidéalú sa tSeapáin, a chur ar mhargadh an Aontais i mbuidéil thraidisiúnta de mhéid ceithre go (合) agus aon *sho* (升) atá cothrom leis na cainníochtaí ainmniúla 720 ml agus 1 800 ml, faoi seach, ar choinníoll go gcomhlíontar ceanglais dhlíthiúla eile de chuid an Aontais is infheidhme.
- (4) Foráiltear le Treoir 2007/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ nach féidir deochanna biotáilleacha réamhphacáilte a chur ar mhargadh an Aontais ach amháin má réamhphacáiltear iad de réir na gcainníochtaí ainmniúla a liostaítear i roinn 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir sin. Maidir le deochanna biotáilleacha, déantar tagairt i roinn 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2007/45/CE do naoi gcainníocht ainmniúla feadh an eatraimh idir 100 ml agus 2 000 ml. Ní chuirtear san áireamh sna cainníochtaí ainmniúla sin 720 ml agus 1 800 ml, arb iad sin na cainníochtaí ainmniúla ina ndéantar *shochu* aondriogtha, arna tháirgeadh i stil phota, a bhuidéalú agus a chur ar an margadh sa tSeapáin.
- (5) Is gá, dá bhrí sin, maolú ar na cainníochtaí ainmniúla a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2007/45/EC maidir le biotáillí chun a áirithiú gur féidir *shochu* aondriogtha, deoch bhiotáilleach arna tháirgeadh i stil phota agus arna bhuidéalú sa tSeapáin, a chur ar mhargadh an Aontais, faoi mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 2-D a ghabhann leis an gComhaontú, i mbuidéil de chainníochtaí ainmniúla 720 ml agus de 1 800 ml atá cothrom le méideanna buidéal traidisiúnta Seapánach ceithre go (合) agus aon *sho* (升) amháin, faoi seach.

⁽¹⁾ IO C 367, 10.10.2018, lch. 119.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Meán Fómhair 2018 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2018.

⁽³⁾ Treoir 2007/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena leagtar síos na rialacha maidir le cainníochtaí ainmniúla táirgí réamhphacáilte, lena n-aisghairtear Treoracha 75/106/CEE agus 80/232/CEE ón gComhairle, agus lena leasaítear Treoir 76/211/CEE ón gComhairle (IO L 247, 21.9.2007, lch. 17).

- (6) Is gá an maolú ar Threoir 2007/45/CE a thabhairt isteach trí leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, chun a áirithiú gur féidir *shochu* aondriogtha, deoch bhiotáilleach arna tháirgeadh i stil phota agus arna bhuidéalú sa tSeapáin, a chur ar an margadh i gcomhthráth sna Ballstáit uile ar theacht i bhfeidhm don Chomhaontú.
- (7) Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 a leasú dá réir sin.
- (8) Chun cur chun feidhme an Chomhaontaithe a áirithiú maidir le *shochu* aondriogtha, deoch bhiotáilleach arna tháirgeadh i stil phota agus arna bhuidéalú sa tSeapáin, a chur ar mhargadh an Aontais, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach i gCaibidil IV de Rialachán (CE) Uimh. 110/2008:

“Airteagal 24a

Maolú ar cheanglais maidir le cainníochtaí ainmniúla i dTreoir 2007/45/CE

De mhaolú ar Airteagal 3 de Threoir 2007/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), agus ón séú sraith i roinn 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir sin, is féidir *shochu* (**) aondriogtha, deoch bhiotáilleach arna tháirgeadh i stil phota agus arna bhuidéalú sa tSeapáin, a chur ar mhargadh an Aontais i gcainníochtaí ainmniúla 720 ml agus 1 800 ml.

(*) Treoir 2007/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena leagtar síos na rialacha maidir le cainníochtaí ainmniúla táirgí réamhphacáilte, lena n-aisghairtear Treoracha 75/106/CEE agus 80/232/CEE ón gComhairle, agus lena leasaítear Treoir 76/211/CEE ón gComhairle (IO L 247, 21.9.2007, lch. 17).

(**) Dá dtagraítear in Iarscríbhinn 2-D a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin maidir le Comhpháirtíocht Eacnamaíoch.”.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 23 Deireadh Fómhair 2018.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. EDTSTADLER

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha deochanna biotáilleacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1576/89 ón gComhairle (IO L 39, 13.2.2008, lch. 16).

**RIALACHÁN (AE) 2018/1671 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 23 Deireadh Fómhair 2018**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/825 chun imchlúdach airgeadais an Chláir Tacaíochta um
Athchóiriú Struchtúrach a mhéadú agus cuspóir ginearálta an Chláir sin a oiriúnú**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an tríú mír d'Airteagal 175 agus Airteagal 197(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽³⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Féadfaidh an tAontas tacú le hiarrachtaí na mBallstát, arna iarraidh sin dóibh, a gcumas riaracháin a fheabhsú chun dlí an Aontais a chur chun feidhme.
- (2) Bunaíodh an Clár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach (“an Clár”) agus é mar aidhm aige cumas na mBallstát a neartú chun athchóirithe struchtúracha riaracháin agus fáschothaitheacha atá chun leasa an Aontais a ullmhú agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí chúnaimh a chur ar fáil chun úsáid éifeachtúil agus éifeachtach a bhaint as cistí an Aontais. Is é an Coimisiún a chuireann an tacaíocht ar fáil faoin gClár, arna iarraidh sin do Bhallstát, agus is féidir leis an tacaíocht sin raon leathan réimsí beartais a chumhdach. Trí gheilleagair bhuanseasmhacha agus sochaí bhuanseasmhach a fhorbairt ar bhonn struchtúir láidre eacnamaíocha, shóisialta agus chríochacha, a ligeann do na Ballstáit suaitheadh a sheasamh go héifeachtúil agus teacht aniar go pras, cuirtear leis an gcomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta agus scaoiltear acmhainneacht fáis. Ba cheart do na Ballstáit, i gcomhréir lena great dlíthiúil, rannchuidiú agus rannpháirtíocht oiriúnach an riaracháin phoiblí náisiúnta agus réigiúnaigh agus na ngeallsealbhoirí a spreagadh. Uirlisí tábhachtacha chun forbairtí den sórt sin a bhaint amach is ea athchóirithe struchtúracha institiúideacha, riaracháin agus fáschothaitheacha, rud atá tábhachtach do na Ballstáit, a chur chun feidhme agus úinéireacht ar an talamh ar athchóirithe struchtúracha atá chun leasa an Aontais.
- (3) Tá sé bunriachtanach bearta agus gníomhaíochtaí an Chláir agus a dtorthaí a chur in iúl go héifeachtach ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach, de réir mar is iomchuí, chun feasacht a mhúscailt maidir lena bhfuil bainte amach ag an gClár, chun feiceálacht a áirithiú agus chun faisnéis a sholáthar maidir lena éifeachtaí ar an talamh.
- (4) Ós rud é go bhféadfadh an t-éileamh ar thacaíocht cistiú an Chláir a shárú, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann na hiarrataí a chur in ord tosaíochta, i gcás inarb iomchuí, le linn an nós imeachta um iarraidh ar thacaíocht. Sa chomhthéacs sin, ba cheart aird a thabhairt ar iarrataí ar thacaíocht a bhfuil naisc acu leis an Seimeastar Eorpach agus le réimsí beartais a bhaineann le comhtháthú, nuálaíocht, fostaíocht, agus fás cliste agus inbhuanaithe. Ba cheart don Chlár a bheith ina chomhlánú ar ionstraimí eile chun forluí a sheachaint.
- (5) Ós rud é nach soláthraíonn an Clár cistiú do na Ballstáit, agus nach soláthraíonn sé ach tacaíocht theicniúil, níl sé mar aidhm leis gabháil in ionad cistiú ó bhuiséid náisiúnta nó go n-úsáidí ina ionad é.
- (6) Tá méadú tagtha ar an úsáid atá á baint ag na Ballstáit as an tacaíocht faoin gClár, sa dóigh gur sáraíodh a rabhtas ag súil leis ag an tús. Ar bhonn luacha mheasta, ba mhó i bhfad na hiarrataí ar thacaíocht a fuair an Coimisiún le linn thimthriall 2017 ná an leithdháileadh bliantúil a bhí ar fáil. Le linn thimthriall 2018, bhí luach measta na n-iarrataí a fuarthas cúig huairé níos mó ná na hacmhainní airgeadais a bhí ar fáil don bhliain sin. Tá beagnach gach Ballstát tar éis tacaíocht a iarraidh faoin gClár, agus tá na hiarrataí roinnte i measc na réimsí beartais uile atá cumhdaithe ag an gClár.

⁽¹⁾ IO C 237, 6.7.2018, lch. 53.

⁽²⁾ IO C 247, 13.7.2018, lch. 54.

⁽³⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Meán Fómhair 2018 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2018.

- (7) Maidir leis an gcomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta a neartú trí athchóirithe struchtúracha, a théann chun tairbhe an Aontais agus atá i gcomhréir le prionsabail agus luachanna an Aontais, is rithábachtach é chun taca a chur faoin athléimneacht eacnamaíoch agus faoi rannpháirtíocht rathúil agus cóineasú réadach feabhsaithe san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, lena n-áiríteofar cobhsaíocht fhadtéarmach agus rathúnas fadtéarmach an Aontais. Tá an tábhacht chéanna ag baint leis sin i gcás na mBallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra acu, agus iad ag ullmhú le dul isteach sa limistéar euro, agus atá i gcás Bhallstáit an limistéir euro.
- (8) Dá bhrí sin, is iomchuí béim a leagan air i gcuspóir ginearálta an Chláir — mar chuid den mhéid atá ann chun freagairt a thabhairt ar dhúshláin eacnamaíocha agus shóisialta — go bhféadfaí a chur freisin, le feabhsú an chomhtháthaithe eacnamaíoch agus shóisialta, an iomaíochais, na táirgiúlachta, an fháis inbhuanaithe, an chruthaithe post, na hinfheistíochta agus an chuimsithe shóisialta, le hullmhúcháin na mBallstát sin nach bhfuil an euro mar airgeadra acu do rannpháirtíocht amach anseo sa limistéar euro.
- (9) D'fhonn na cuspóirí ginearálta agus sonracha a shaothrú agus laistigh de na bearta incháilithe atá le maoiniú leis an gClár, ba cheart a chur in iúl gur cheart do bhearta agus gníomhaíochtaí an Chláir a bheith in ann tacaíocht a thabhairt freisin d'athchóirithe a d'fhéadfadh a bheith ina gcuidiú ag na Ballstáit agus iad ag ullmhú le dul isteach sa limistéar euro, agus urraim á tabhairt do phrionsabal na córa comhionainne do na Ballstáit uile.
- (10) Chun freastal ar an méadú ar éileamh na mBallstát ar thacaíocht, agus i bhfianaise an ghá atá ann tacú le cur chun feidhme athchóirithe struchtúracha atá chun leasa an Aontais, lena n-áirítear sna Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu agus iad ag ullmhú le dul isteach sa limistéar euro, ba cheart an leithdháileadh airgeadais don Chlár a mhéadú go leibhéal ar leor é chun go mbeidh sé ar chumas an Aontais tacaíocht a thabhairt, tacaíocht a fheastalóidh ar riachtanais na mBallstát iarrthach, agus a úsáidfear i gcomhréir le bainistíocht fhónta airgeadais. Leis an méadú sin, níor cheart difear díobhálach a dhéanamh do thosaíochtaí eile an bheartais comhtháthaithe. Sa bhreis air sin, níor cheart é a bheith mar oibleagáid ar na Ballstáit a leithdháiltí naisiúnta agus réigiúnacha a aistriú ó Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa.
- (11) Chun tacaíocht ar ardcháilíocht a thabhairt lena laghad moille is féidir, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann cuid den imchlúdach airgeadais a úsáid freisin chun costas gníomhaíochtaí lena dtugtar tacaíocht don Chlár a chumhdach, amháil speansais a bhaineann le rialú cáilíochta agus faireachán, agus le meastóireacht ar thionscadail ar an talamh. Tá na gníomhaíochtaí sin tábhachtach chun éifeachtúlacht chur chun feidhme na dtionscadal a áirithiú.
- (12) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 2017/825 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ a leasú dá réir sin.
- (13) Ionas go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2017/825 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

“Airteagal 4

Cuspóir ginearálta

Is é an cuspóir ginearálta a bheidh ag an gClár rannchuidiú le hathchóirithe institiúideacha, riaracháin agus struchtúracha fáschothaitheacha sna Ballstáit trí thacaíocht a thabhairt do na húdaráis náisiúnta maidir le bearta arb é is aidhm leo institiúidí, an rialachas, an riarachán poiblí agus na hearnálacha eacnamaíocha agus sóisialta a athchóiriú agus a neartú mar fhreagairt ar dhúshláin eacnamaíocha agus sóisialta, d'fhonn an comhtháthú, an t-iomaíochas, an táirgiúlacht, an fás inbhuanaithe, an cruthú post, an infheistíocht agus an cuimsiú sóisialta a fheabhsú agus d'fhonn rannchuidiú le cóineasú réadach san Aontas, rud a d'fhéadfadh a bheith mar ullmhúchán, freisin, do rannpháirtíocht sa limistéar euro, go háirithe i gcomhthéacs próiseas rialachais eacnamaíoch, lena n-áirítear trí chúnamh chun úsáid éifeachtúil, éifeachtach agus thrédhearcach a bhaint as cistí an Aontais.”;

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2017/825 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le bunú an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach don tréimhse 2017 go 2020 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 (IO L 129, 19.5.2017, lch. 1).

(2) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 5a

Tacaíocht le haghaidh ullmhú do bhallraíocht sa limistéar euro

D’fhonn na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4 agus Airteagal 5 a shaothrú, agus laistigh de na gníomhaíochtaí incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 6, féadfar bearta agus gníomhaíochtaí a mhaoiniú faoin gClár freisin lena dtabharfar tacaíocht d’athchóirithe a d’fhéadfadh a bheith ina gcuidiú ag Ballstáit agus iad ag ullmhú le dul isteach sa limistéar euro.”;

(3) leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. EUR 222 800 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Chláir.”;

(b) i mír 2, cuirtear an abairt seo a leanas léi:

“Féadfar costais gníomhaíochtaí eile tacaíochta, amhail rialú cáilíochta agus faireachán ar thionscadail tacaíochta ar an talamh, a chumhdach le speansais freisin.”.

(4) in Airteagal 16(2), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

“(f) bearta tacaíochta a chur chun feidhme.”.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 23 Deireadh Fómhair 2018.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. EDTSTADLER

RIALACHÁN (AE) 2018/1672 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**an 23 Deireadh Fómhair 2018****maidir le rialuithe ar airgead tirim atá ag teacht isteach san Aontas nó ag dul amach as agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1889/2005**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 33 agus Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (¹),

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach (²),

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ceann de thosaíochtaí an Aontais é forbairt chomhchuí, inbhuanaithe agus chuimsitheach an mhargaidh inmheánaigh a chur chun cinn mar limistéar inar féidir le hearraí, daoine, seirbhísí agus caipiteal a bheith ag cúlraíocht go saor agus go sábháilte.
- (2) Fáltais aindleathacha agus atreorú airgid chun gníomhaíochtaí aindleathacha a mhaoiniú a bheith á dtabhairt isteach sa gheilleagar athuair, cruthaíonn sé saobhadh agus míbhuntáistí míchuí san iomaíocht do shaoránaigh agus do chuideachtaí atá géilliúil don dlí, agus, dá bhrí sin, is bagairt d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh iad. Ina theannta sin, cothaíonn na cleachtais sin gníomhaíochtaí coiriúla agus sceimhlitheoireachta a chuireann slándáil shaoránaigh an Aontais i mbaol. Dá réir sin, tá beart déanta ag an Aontas chun é féin a chosaint.
- (3) Ceann de phríomhcholuúin na gníomhaíochta a rinne an tAontas ba ea Treoir 91/308/CEE ón gComhairle (³), ar leagadh síos inti sraith de bhearta agus oibleagáidí faoi institiúidí airgeadais, daoine dlítheanacha agus gairmeacha áirithe maidir leis an méid seo, *inter alia*, trédhearcacht, coinneáil taifead agus forálacha “bíodh aithne agat ar do chustaiméir”, agus leagadh síos inti oibleagáid idirbhearta amhrasacha a thuairisciú do na hAonaid náisiúnta um Fhaisnéis Airgeadais (AFAnna). Bunaíodh AFAnna mar mhoil chun measúnú a dhéanamh ar na hidirbhearta sin, idirghníomhú lena leithéidí féin i dtíortha eile agus, i gcás inar gá, teagmháil a dhéanamh le húdaráis bhreithiúnacha. Tá Treoir 91/308/CEE leasaithe ó shin agus tá bearta comhleanúnacha tagtha ina hionad. Tá forálacha le haghaidh sciúradh airgid a chosc leagtha síos faoi láthair i dTreoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (⁴).
- (4) I bhfianaise an riosca go mbeadh méadú ar ghluaiseachtaí airgid thirim chun críocha aindleathacha ag leanúint as cur i bhfeidhm Threoir 91/308/CEE ar gluaiseachtaí iad a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt don chóras airgeadais agus don mhargadh inmheánach, bhí an Treoir sin á chomhlánú ag Rialachán (CE) Uimh. 1889/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (⁵). Is é is aidhm don Rialachán sin sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc agus a bhrath trí chóras rialuithe a leagan síos atá infheidhme maidir le daoine nádúrtha a thagann isteach san Aontas nó a théann amach as agus suimeanna airgid thirim nó ionstraimí soshannta iompróra cothrom le nó níos mó ná EUR 10 000 nó a choibhéis in airgeadraí eile ar iompar acu. Ba cheart an téarma “ag teacht isteach san Aontas nó ag dul amach as” a shainmhíniú trí thagairt do chríoch an Aontais mar a shainítear in Airteagal 355 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) chun a áirithiú go bhfuil an raon feidhme is leithne is féidir ag an Rialachán seo agus nach mbeadh aon limistéar díolmhairte ó chur i bhfeidhm an Rialacháin agus nach mbeadh deiseanna ar fáil in aon limistéar chun dul timpeall ar na rialuithe is infheidhme.
- (5) Le Rialachán (CE) Uimh. 1889/2005 cuireadh chun feidhme laistigh den Chomhphobal na caighdeáin idirnáisiúnta maidir le sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac a d'fhorbair an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF).

(¹) IO C 246, 28.7.2017, lch. 22.

(²) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Meán Fómhair 2018 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2018.

(³) Treoir 91/308/CEE ón gComhairle an 10 Meitheamh 1991 maidir le húsáid an chórais airgeadais le haghaidh sciúradh airgid a chosc (IO L 166, 28.6.1991, lch. 77).

(⁴) Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le húsáid an chórais airgeadais le haghaidh sciúradh airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

(⁵) Rialachán (CE) Uimh. 1889/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2005 maidir le rialuithe ar airgead tirim atá ag teacht isteach sa Chomhphobal nó ag dul amach as (IO L 309, 25.11.2005, lch. 9).

- (6) Is comhlacht idir-rialtasach é FATF, a bunaíodh ag cruinniú mullaigh G7 i bPáras in 1989, a leagann síos caighdeáin agus a chuireann cur chun feidhme éifeachtach beart dlíthiúil, rialála agus oibríochtúil chun cinn maidir le sciúradh airgid, maoiniú na sceimhlitheoireachta agus bagairtí gaolmhara eile ar shláine an chórais airgeadais idirnáisiúnta a chomhrac. Is baill de FATF iad roinnt de na Ballstáit nó tá ionadaíocht acu ar FATF trí chomhlachtaí réigiúnacha. Déanann an Coimisiún ionadaíocht thar ceann an Aontais ar FATF agus tá gealltanais tugtha aige moltaí FAFT a chur chun feidhme go héifeachtach. Sonraítear i Moladh FATF 32 maidir le cúiréirí airgid thirim gur cheart bearta a chur i bhfeidhm maidir le rialuithe leormhaithe ar ghluaiseachtaí trasteorann airgid thirim.
- (7) Sainithnítear agus tugtar tuairisc i dTreoir (AE) 2015/849 ar roinnt gníomhaíochtaí coiriúla a bhféadfadh na fáltais uathu a bheith á n-úsáid chun airgead a sciúradh nó a bhféadfadh na fáltais sin a bheith á n-úsáid chun an sceimhlitheoireacht a mhaoiniú. Go minic, aistrítear na fáltais ó na gníomhaíochtaí coiriúla sin thar teorainneacha seachtracha an Aontais chun iad a sciúradh nó a úsáid chun an sceimhlitheoireacht a mhaoiniú. Ba cheart an méid sin a chur san áireamh leis an Rialachán seo agus ba cheart córas rialacha a leagan síos ann a rannchuideodh le cosc a chur ar sciúradh airgid, agus go háirithe cionta preideacaíde amhail coireanna cánach mar a shainmhínítear iad sa dlí náisiúnta, agus ar mhaoiniú na sceimhlitheoireachta ann féin, agus a éascóidh brath, cosc agus imscrúdú na ngníomhaíochtaí coiriúla a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2015/849.
- (8) Tá dul chun cinn déanta ó thaobh an léargais atá anois ann ar na sásraí a úsáidtear chun luach a fuarthas ar bhealach aindleathach a aistriú thar teorainneacha. Tá moltaí FATF tugtha suas chun dáta dá thoradh sin, le Treoir (AE) 2015/849 tugadh athruithe ar chreat dlíthiúil an Aontais isteach agus rinneadh dea-chleachtas nua a fhorbairt. I bhfianaise na bhforbairtí sin agus ar bhunús na meastóireachta a rinneadh ar reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, is gá Rialachán (CE) Uimh. 1889/2005 a leasú. I bhfianaise raon leathan na leasuithe a theastóidh, áfach, ba cheart Rialachán (CE) Uimh.1889/2005 a aisghairm agus Rialachán nua a chur ina ionad.
- (9) Ní dhéanann an Rialachán seo difear do chumas na mBallstát foráil a dhéanamh, faoina ndlí náisiúnta, maidir le rialuithe náisiúnta breise ar ghluaiseachtaí airgid thirim laistigh den Aontas, ar choinníoll go bhfuil na rialuithe sin i gcomhréir le saoirsí bunúsacha an Aontais, agus go háirithe Airteagal 63 agus Airteagal 65 CFAE.
- (10) Dá mba ann do shraith rialacha ar leibhéal an Aontais lena gceadófaí coibhéis i leith thorthaí inchomparáide na rialuithe ar airgead tirim laistigh den Aontas, d'éascófaí go mór na hiarrachtaí atá ar bun sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc.
- (11) Ní bhaineann an Rialachán seo le bearta arna ndéanamh ag an Aontas ná ag Ballstáit faoi Airteagal 66 CFAE lena gcuirtear srian ar ghluaiseachtaí caipitil is cúis, nó a bhfuil bagairt ann gur cúis iad, le deacrachtaí tromchúiseacha d'oibriú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais nó faoi Airteagal 143 agus Airteagal 144 CFAE mar thoradh ar ghéarchéim thobann i gcomhardú na n-íocaíochtaí.
- (12) Agus iad ag smaoineamh ar a láithreach ag teorainneacha seachtracha an Aontais, a gcuid saineolais maidir le rialuithe a dhéanamh ar phaisinéirí agus ar lasta a thrasnaíonn na teorainneacha seachtracha agus a dtaithe a fuarthas i bhfeidhmiú Rialachán (CE) Uimh. 1889/2005, ba cheart d'údarás chustaim leanúint de bheith ag gníomhú mar údarás inniúla chun críocha an Rialacháin seo. Ag an am céanna, ba cheart go leanfadh na Ballstáit de bheith in ann údarás náisiúnta eile a ainmniú atá i láthair ag na teorainneacha seachtracha chun gníomhú mar údarás inniúla. Ba cheart do na Ballstáit leanúint d'oiliúint leormhaithe a sholáthar d'fhóireann na n-údarás custaim agus na n-údarás náisiúnta eile chun na rialuithe sin a dhéanamh, lena n-áirítear ar sciúradh airgid atá bunaithe ar airgead tirim.
- (13) Tá "airgead tirim" ar cheann de phríomhchoincheapa an Rialacháin seo, agus ba cheart a shainiú go bhfuil ceithre chatagóir i gceist leis: airgeadra, ionstraimí soshanta iompróra, tráchtearraí a úsáidtear mar stórtha luacha fíorleachtacha agus cineálacha ar leith cártaí réamhíochta. I bhfianaise a saintréithe, is dócha go mbainfí úsáid as ionstraimí soshanta iompróra áirithe, as tráchtearraí a úsáidtear mar stórtha luacha fíorleachtacha, agus as cártaí réamhíochta nach bhfuil nasc acu le cuntas bainc agus is féidir méid airgid a stóráil atá deacair a bhrath a úsáid in ionad airgeadra mar bhealach anaithnid chun luach a aistriú thar na teorainneacha seachtracha ar bhealach nach bhfuil inrianaithe tríd an gcóras clasaiceach maoirseachta arna úsáid ag na húdarás phoiblí. Dá bhrí sin, ba cheart a leagan síos sa Rialachán seo gnéithe riachtanacha an tsainmhíne ar "airgead tirim" agus, ag an am céanna, an Coimisiún a chumasú na gnéithe neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú mar fhreagairt d'íarrachtaí ag coirpigh agus a bpáirtithe teacht timpeall ar bheart a bhfuil cineál amháin stór luacha fíorleachtach á rialú aige trí chineál eile stór luacha fíorleachtach a thabhairt trasna na dtéorainneacha seachtracha. Má bhraitear fianaise ar iompraíocht den sórt sin ar scála suntasach, ní mór bearta a dhéanamh go tapa chun an cás a réiteach. In ainneoin an ardleibhéil riosca a bhaineann le hairgeadraí fíorúla, mar a léiríodh i dtuarascáil ón gCoimisiún an 26 Meitheamh 2017 maidir leis an measúnú ar na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a dhéanann difear don mhargadh inmheánach agus atá bainteach le gníomhaíochtaí trasteorann, níl an inniúlacht ag údarás chustaim faireachán a dhéanamh orthu.

- (14) Is ionstraimí airgeadais iad ionstraimí soshannta iompróra a chuireann ar chumas an tsealbhóra fhisiciúil íocaíocht suime airgid a éileamh gan é a bheith cláraithe ná ainmnithe chuige sin. Is éasca iad a úsáid chun méideanna ar luach as cuimse a aistriú agus tá cosúlachtaí suntasacha idir iad agus airgeadra i dtéarmaí leachtachta, anaithnidachta agus na rioscaí go ndéanfaí mí-úsáid a bhaint astu.
- (15) Is tráchtearraí iad a bhfuil cóimheas ard idir luach agus toirt luaite leo a úsáidtear mar stórtha luacha fíorleachtacha, a bhfuil margadh trádála idirnáisiúnta inrochtana ann cheana féin dóibh, rud a fhágann gur féidir iad a thiontú ina n-airgeadra gan ach costais bheaga idirbhiirt a thabhtú. Cuirtear tráchtearraí den sórt sin i láthair ar bhealach caighdeánaithe den chuid is mó, rud a fhágann gur féidir an luach atá leo a fhíorú go tapa.
- (16) Is cártaí réamhíochta iad cártaí neamh-ainmniúla a stórlann luach airgeadais nó cistí is féidir a úsáid le haghaidh idirbhearta íocaíochta, nó a thugann rochtain orthu, chun earraí nó seirbhísí a fháil nó chun airgeadra a fhuascailt. Ní bhíonn na cártaí sin nasctha le cuntas bainc. Maidir le cártaí réamhíochta, cuimsítear leo cártaí réamhíochta anaithnide amhail dá dtagraítear i dTreoir (AE) 2015/849. Baintear úsáid fhorleathan astu le haghaidh cuspóirí dlisteanacha éagsúla agus baineann leas sóisialta soiléir le cuid de na hionstraimí sin. Is éasca cártaí réamhíochta den sórt sin a aistriú agus is féidir iad a úsáid chun méideanna de luach suntasach a aistriú thar na teorainneacha seachtracha. Dá bhrí sin, ní mór cártaí réamhíochta a áireamh sa sainmhíniú ar airgead tirim, go háirithe más féidir iad a cheannach d'uireasa nósanna imeachta díchill chuí ón gcustaiméir. Fágfaidh sé sin go bhféadfar na rialuithe a leathnú chun cineálacha ar leith cártaí réamhíochta a chumhdach ag cur san áireamh an teicneolaíocht atá ar fáil, má tá fianaise ann go bhfuil bunús leis sin, ar choinníoll go ndéantar rialuithe den sórt sin a leathnú, ag féachaint don chomhréireacht agus don in-fhorfheidhmitheacht phraiticiúil.
- (17) Chun sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc, ba cheart oibleagáid airgead tirim a dhearbhu a fhorchur ar dhaoine nádúrtha atá ag teacht isteach san Aontas nó ag dul amach as. Chun srian míchuí ar shaorghluaiseacht nó ró-ualach maidir le foirmiúlachtaí riaracháin ar shaoránaigh agus ar údaráis a sheachaint, ba cheart an oibleagáid a bheith faoi réir thairseach EUR 10 000. Ba cheart go mbeadh feidhm aige maidir le hiompróirí a bhfuil suimeanna den sórt sin á n-iompar acu ar a seilbh, ina mbagáiste nó sa chóir iompair a dtrasnaíonn siad na teorainneacha seachtracha ann. Ba cheart go gceanglófaí orthu an t-airgead tirim a chur ar fáil do na húdaráis inniúla lena rialú, agus más gá, é a thabhairt ar aird do na húdaráis sin. Maidir leis an sainmhíniú ar "iompróir", ba cheart a thuiscint nach n-áirítear leis an sainmhíniú sin iompróirí a iompraíonn earraí nó daoine go gairmiúil.
- (18) Maidir le gluaiseachtaí airgid thirim neamhthionlactha, mar shampla airgead tirim a thagann isteach san Aontas nó a théann amach as i bpacáistí poist, lastais chúiréara, bagáiste neamhthionlactha nó lasta i gcoimeádán, ba cheart go mbeadh an chumhacht ag na húdaráis inniúla a cheangal ar an seoltóir nó ar an bhfaighteoir, nó ionadaí de chuid an fhaighteora, dearbhú nochta a dhéanamh, bíodh sé sin go córasach nó ar bhonn cás ar chás, i gcomhréir leis na nósanna imeachta náisiúnta. Ba cheart go gcumhdódh nochtheadh den sórt sin roinnt eilimintí, nach bhfuil á gcumhdach ag an ngnáthdhoiciméadacht a chuirtear faoi bhráid na n-údarás custaim, amhail doiciméid loingseoireachta agus dearbhuithe custaim. Is eilimintí den sórt sin tionscnamh, ceann scríbe, foinse eacnamaíoch agus úsáid bheartaithe an airgid thirim. Ba cheart go mbeadh an oibleagáid maidir le hairgead tirim neamhthionlactha a nochtheadh faoi réir tairseach atá comhionann leis an tairseach a bhaineann le hairgead tirim atá ar iompar ag iompróirí.
- (19) Ba cheart roinnt eilimintí caighdeánaithe sonraí maidir le gluaiseacht an airgid thirim amhail sonraí pearsanta an dearbhóra, an úinéara, nó an fhaighteora, an fhoinse eacnamaíoch agus an úsáid atá beartaithe a bhaint as an airgead tirim a thairseach, chun cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú. Go háirithe, maidir leis an dearbhóir, úinéir, nó faighteoir, tá sé riachtanach go ndéanfaidís a gcuid sonraí pearsanta mar atá siad ina gcuid doiciméad aitheantais a thabhairt, chun íoslághdú a dhéanamh ar an riosca go ndéanfaí earráidí maidir lena gcéannacht agus ar na moilleanna a thiofadh as an ngá a d'fhéadfadh a bheith le fíorú ina dhiaidh sin.
- (20) Maidir leis an oibleagáid airgead tirim neamhthionlactha a dhearbhu agus an oibleagáid maidir le hairgead tirim neamhthionlactha a nochtheadh, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht do na húdaráis inniúla gach rialú riachtanach a dhéanamh ar dhaoine, ar a mbagáiste, ar an gcóir iompair a úsáidtear chun teorainneacha seachtracha a thrasnú agus ar aon choinsíneacht nó gabhdán neamhthionlactha a thrasnaíonn an teorainn sin agus a bhféadfadh airgead tirim a bheith iontu, nó ar chóir iompair a bhfuil siad á n-iompar inti. I gcás ina mainnítear na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, ba cheart do na húdaráis inniúla dearbhú *ex officio* a chumadh do tharchur na faisnéise ábhartha d'údaráis eile ina dhiaidh sin.
- (21) Chun a áirithiú go gcuirfidh na húdaráis inniúla i bhfeidhm go haonfhoirmeach iad, ba cheart na rialuithe a bheith bunaithe go príomha ar anailís riosca, a bhfuil sé mar chuspóir léi na rioscaí a shainaithint agus meastóireacht a dhéanamh orthu agus na frithbhearta is gá a fhorbairt.

- (22) Maidir le creat comhchoiteann bainistithe riosca a bhunú, níor cheart go gcuirfeadh sé sin bac ar na húdaráis inniúla seiceálacha randamacha nó rialuithe gan choinne a dhéanamh cibé uair a measann siad gur gá sin.
- (23) I gcás ina mbraitear méideanna airgid thirim atá faoi bhun na tairsí agus ina bhfuil tásca ann go bhféadfadh baint a bheith ag an airgead tirim le gníomhaíocht choiriúil faoi mar a chumhdaítear leis an Rialachán seo, ba cheart go mbeadh ar chumas na n-údarás inniúil, i gcás airgead tirim tionlactha, faisnéis a thairgeadh faoin iompróir, faoin úinéir agus i gcás ina mbeadh sé ar fáil, faoi fhaighteoir beartaithe an airgid thirim, lena n-áirítear ainm iomlán, mionsonraí teagmhála, mionsonraí i dtaca le nádúr agus méid nó luach an airgid thirim, a fhoinsé eacnamaíoch agus a úsáid bheartaithe.
- (24) I gcás airgead tirim neamhthionlactha, ba cheart go mbeadh na húdaráis inniúla in ann faisnéis a thairgeadh maidir le dearbhóir, le húnéir, le seoltóir, agus le faighteoir nó faighteoir beartaithe an airgid thirim, lena n-áirítear ainm iomlán, mionsonraí teagmhála, mionsonraí i dtaca le nádúr agus méid nó luach an airgid thirim, lena fhoinsé eacnamaíoch agus a úsáid bheartaithe.
- (25) Ba cheart an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh chuig AFA (Aonad um Fhaisnéis Airgeadais) an Bhallstáit i dtrácht, ar cheart dó a áirithiú go ndéanfaidh an AFA aon fhaisnéis ábhartha a tharchur go spontáineach nó arna iarraidh sin chuig na AFAnna sna Ballstáit eile. Tá na haonaid sin ainmnithe mar eilimintí moil sa chomhrac i gcoinne sciúradh airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta a fhaigheann agus a phróiseálann faisnéis ó fhoinsí éagsúla amhail institiúidí airgeadais agus déanann siad anailís ar an bhfaisnéis sin chun cinneadh a dhéanamh an bhfuil forais ann chun tuilleadh fiosraithe a dhéanamh, ar forais iad a d'fhéadfadh gan a bheith follasach do na húdaráis inniúla a bhailíonn na dearbhuithe agus a dhéanann rialuithe faoin Rialachán seo. Chun sreabh éifeachtach faisnéise a ráthú, ba cheart go mbeadh na AFAnna go léir nasctha leis an gCóras Faisnéise Custaim (an "CFC") arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle⁽¹⁾ agus ba cheart go mbeadh na sonraí a thairgeann nó a mhalartaíonn na húdaráis inniúla agus na AFAnna comhoiriúnach agus inchomparáide.
- (26) Ag aithint a thábhachtaí d'obair iardain rathúil ar an Rialachán seo atá sé go mbeadh malartú éifeachtach faisnéise ann idir na húdaráis ábhartha, lena n-áirítear AFAnna laistigh den chreat dlíthiúil a chumhdaíonn na heintitis sin, agus an gá atá ann le comhar idir na AFAnna laistigh den Aontas a neartú, ba cheart don Choimisiún, faoin 1 Meitheamh 2019, measúnú a dhéanamh féachaint an féidir sásra comhchoiteann a bhunú chun sciúradh airgid agus maoiniú seimhlitheoireachta a chomhrac.
- (27) Tá sé an-ábhartha méideanna airgid thirim atá faoi bhun na tairsí a bhrath i gcásanna ina bhfuil tásca de ghníomhaíocht choiriúil ann sa chomhthéacs sin. Dá thoradh sin, ba cheart go bhféadfaí freisin faisnéis maidir le suimeanna atá faoi bhun na tairsí a roinnt leis na húdaráis inniúla i mBallstáit eile má tá tásca de ghníomhaíocht choiriúil ann.
- (28) I bhfianaise go dtarlaíonn na gluaiseachtaí airgid thirim atá faoi réir rialuithe faoin Rialachán seo trasna na dtéorann seachtrach agus ós rud é gur doiligh gníomhú a luaithe atá an t-airgead tirim imithe ón bpointe teacht isteach nó imeachta agus i bhfianaise an riosca a bhaineann leis sin fiú má úsáidtear suimeanna beaga go haindleathach, ba cheart go mbeadh na húdaráis inniúla in ann airgead tirim a choimeád faoi choinneáil ar bhonn sealadach in imthosca áirithe, faoi réir srianta agus ceartúcháin: ar an gcéad dul síos, i gcás nach bhfuil an oibleagáid maidir le hairgead tirim a dhearbhu nó a nochtadh comhlíonta agus, ar an dara dul síos, i gcás inarb ann do thásca de ghníomhaíocht choiriúil, gan beann mhéid an airgid thirim nó cibé an bhfuil sé tionlactha nó neamhthionlactha. I bhfianaise chineál an choimeáda faoi choinneáil shealadaigh sin agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar shaorghluaiseacht agus ar an gceart chun maoine, ba cheart an tréimhse coimeáda faoi choinneáil a theorannú don mhéid is lú ama a theastaíonn ó na húdaráis inniúla eile chun a chinneadh an bhfuil forais ann le tuilleadh idirghabhála a dhéanamh, amhail fiosrúcháin nó urghabháil an airgid thirim bunaithe ar ionstraimí dlí eile. Maidir le cinneadh i dtaca le hairgead tirim a choimeád faoi choinneáil ar bhonn sealadach faoin Rialachán seo, ba cheart ráiteas ar na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin a bheith ag gabháil leis agus ba cheart tuairisc leormhaith a bheith san áireamh ann ar na tosca sonracha ba shiocair leis an ngníomh. Ba cheart é a bheith indéanta tréimhse choimeáda faoi choinneáil shealadach an airgid thirim a fhadú i gcásanna ar leith atá measúnaithe go cuí, mar shampla nuair a bhíonn deacrachtaí ag údaráis inniúla faisnéis a fháil faoi ghníomhaíocht fhéideartha choiriúil, *inter alia* nuair a bhíonn cumarsáid le tríú tír ag teastáil, nuair a chaitear doiciméid a aistriú nó nuair a bhíonn sé deacair an seoltóir nó an faighteoir a shainaithint, nó teagmháil a dhéanamh leo, i gcás airgead tirim neamhthionlactha. Más rud é, ag deireadh na tréimhse ama coimeáda faoi choinneáil nach bhfuil cinneadh déanta maidir le tuilleadh idirghabhála nó má chinneann an t-údarás inniúil nach bhfuil aon fhorais ann leis an airgead tirim a choimeád faoi choinneáil níos mó, ba cheart é a chur ar fáil láithreach, de réir an cháis, don duine ónar coimeádadh an t-airgead tirim faoi choinneáil go sealadach, don iompróir nó don úinéir.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle an 13 Márta 1997 maidir le cúnaimh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstát agus an Choimisiún chun a áirithiú go gcuirfean an dlí ar ábhair chustaim agus ar ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm i gceart (IO L 82, 22.3.1997, lch. 1).

- (29) Chun feasacht faoin Rialachán seo a mhúscailt, ba cheart do na Ballstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún, ábhair iomchuí a fhorbairt a bhaineann leis an oibleagáid airgead tirim a dhearbhu nó a nochtadh.
- (30) Tá sé fíor-riachtanach go ndéanfadh na húdaráis inniúla a bhailíonn faisnéis de bhun an Rialacháin seo é a tharchur go tráthúil chuig an AFA náisiúnta, ionas gur féidir léi tuilleadh anailíse a dhéanamh ar an bhfaisnéis agus í a chur i gcomparáid le sonraí eile dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2015/849.
- (31) Chun críche an Rialacháin seo, i gcás ina gcláraíonn na húdaráis inniúla mainneachtain airgead tirim a dhearbhu nó a nochtadh nó i gcás inarb ann do thásca de ghníomhaíocht choiriúil, ba cheart dóibh an fhaisnéis sin a roinnt go pras le húdaráis inniúla na mBallstát eile trí chainéil iomchuí. Bheadh malartú sonraí den sórt sin comhréireach mar is dócha go ndéanfadh daoine a sháraigh an oibleagáid airgead tirim a dhearbhu nó a nochtadh, agus a gabhadh i mBallstát amháin, Ballstát teachta isteach nó imeachta eile a roghnú, áit nach mbeadh aon eolas ag na húdaráis inniúla ar na sárúithe a rinne siad roimhe sin. Ba cheart go mbeadh malartú faisnéise den sórt sin sainordaitheach, chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin seo a áirithiú ar fud na mBallstát. I gcás inarb ann do thásca go bhfuil baint ag an airgead tirim le gníomhaíocht choiriúil a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais, ba cheart an fhaisnéis sin a chur ar fáil freisin don Choimisiún, ba cheart do na Ballstáit atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun an Rialacháin sin an fhaisnéis sin a chur ar fáil freisin d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh faoi mar a bunaíodh í le Rialachán (AE) 2017/1939 ⁽¹⁾ agus ba cheart an fhaisnéis sin a chur ar fáil freisin do *Europol* faoi mar a bunaíodh é le Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾. Chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach maidir le teacht timpeall ar an oibleagáid airgead tirim a dhearbhu nó a nochtadh a chosc agus a dhíspreagadh, ba cheart faisnéis anathnid faoi rioscaí agus torthaí anailíse riosca a mhalartú go sainordaitheach idir na Ballstáit agus leis an gCoimisiún, i gcomhréir le caighdeáin a bheidh le leagan amach i ngníomhartha cur chun feidhme a ghlacfar de bhun an Rialacháin seo.
- (32) Ba cheart go mbeadh sé indéanta faisnéis a mhalartú idir údaráis inniúil Ballstáit nó an Coimisiún agus údaráis tríú tír ar choinníoll gurb ann do choimircí iomchuí. Níor cheart go mbeadh malartú den sórt sin incheadaithe ach amháin nuair a chomhlíontar na forálacha ábhartha náisiúnta agus Aontais maidir le cearta bunúsacha agus aistriú sonraí pearsanta, i ndiaidh údarú ó na húdaráis a fuair an fhaisnéis i dtosach. Ba cheart an Coimisiún a chur ar an eolas maidir le haon tarlú de mhalartú faisnéise le tríú tíortha de bhun an Rialacháin seo agus ba cheart dó tuairisciú ar an méid sin chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.
- (33) I bhfianaise chineál na faisnéise arna bailiú agus an ionchais dhliteanaigh atá ag iompróirí agus dearbhóirí go gcaithfear go rúnda lena gcuid sonraí pearsanta agus faisnéise maidir le luach an airgid thirim atá tugtha isteach san Aontas acu nó tógtha amach as, ba cheart do na húdaráis inniúla bearta coimirce leordhóthanacha a sholáthar chun a áirithiú go mbeidh rúndacht ghairmiúil á hurráim ag na gníomhairí a dteastaíonn rochtain uathu ar an bhfaisnéis, agus go ndéanfaidh siad an fhaisnéis a chosaint go leormhaith ó rochtain, úsáid nó cumarsáid neamhúdaraíthe. Mura bhforáiltear dá mhalairt sa Rialachán seo nó sa dlí náisiúnta, go háirithe i gcomhthéacs imeachtaí dlí, níor cheart an fhaisnéis sin a nochtadh gan cead ón údaráis a fuair í.

D'fhéadfadh próiseáil shonraí faoin Rialachán seo próiseáil sonraí pearsanta a chuimsiú agus ba cheart í a dhéanamh i gcomhréir le dlí an Aontais. Níor cheart do na Ballstáit ná don Choimisiún próiseáil a dhéanamh ar sonraí pearsanta ach amháin ar bhealach atá i gcomhréir le cuspóirí an Rialacháin seo. Aon bhailiú, nochtadh, tarchur, cur in iúl agus próiseáil eile ar sonraí pearsanta laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo, ba cheart go mbeidís faoi réir cheanglais Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ⁽³⁾ agus Rialachán (AE) 2016/679 ⁽⁴⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Maidir le próiseáil shonraí pearsanta chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart go n-urramófaí léi freisin an ceart bunúsach go n-urramófaí an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh a aithnítear in Airteagal 8 de Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, mar aon leis an gceart go n-urramófaí an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh agus an ceart go gcosnófaí sonraí pearsanta a aithnítear, faoi seach, in Airteagal 7 agus Airteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an "Chairt").

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("OIPE") (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (*Europol*) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch 53).

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint maidir le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

- (34) Chun críocha na hanailíse arna déanamh ag na AFAAnna agus ionas gur féidir le húdaráis i mBallstáit eile an oibleagáid maidir le airgead tirim a dhearbhu a dhéanamh a rialú agus a fhorfheidhmiú, go háirithe maidir le daoine a bhfuil sárúithe déanta acu i gcoinne na hoibleagáide sin roimhe seo, is gá na sonraí atá i ndearbhuithe arna ndéanamh faoin Rialachán seo a stóráil ar feadh tréimhse sách fada. Chun go bhféadfaidh na AFAAnna a gcuid anailíse a dhéanamh go héifeachtúil agus chun go bhféadfaidh na húdaráis inniúla an oibleagáid maidir le hairgead tirim a dhearbhu agus a nochtadh a rialú agus a fhorfheidhmiú ar bhealach éifeachtach, níor cheart do thréimhse coinneála na sonraí a bheith i ndearbhuithe arna ndéanamh faoin Rialachán seo dul thar 5 bliana, ach go bhféadfaí an tréimhse sin a fhadú arís, tar éis measúnú críochnúil ar an ngá atá leis agus ar a chomhréire atá an choinneáil bhreise sin, agus nach rachadh an tréimhse fhadaíthe thar 3 bliana breise.
- (35) Chun comhlíonadh a spreagadh agus seachaint a dhíspreagadh, ba cheart do na Ballstáit pionóis a ghearradh nuair nach gcomhlíontar na hoibleagáidí maidir le dearbhú nó nochtadh a dhéanamh. Níor cheart go mbeadh feidhm ag na pionóis ach amháin maidir le mainneachtain dearbhú maidir le hairgead tirim nó nochtadh maidir le hairgead tirim a dhéanamh faoin Rialachán seo agus níor cheart go gcuirfí san áireamh an ghníomhaíocht choiriúil ionchasach a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an airgead tirim, a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le fiosrúchán breise agus bearta eile nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Ba cheart na pionóis sin a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, agus nach rachaidís thar a bhfuil riachtanach chun comhlíonadh a spreagadh. Maidir le pionóis a thugann na Ballstáit isteach, ba cheart go mbeadh éifeacht díspregtha acu atá coibhéiseach ar fud an Aontais ar shárú a dhéantar ar an Rialachán seo.
- (36) Cé go n-úsáideann formhór na mBallstát cheana féin foirm dearbhaithe atá comhchuibhithe, Foirm Dearbhaithe Airgid Thirim AE (FDA-AE), ar bhonn deonach, agus chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach rialuithe na n-údarás inniúil a áirithiú agus chun próiseáil, aistriú agus anailísiú éifeachtach na ndearbhuithe ag na húdaráis sin a áirithiú, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na teimpléid don fhoirm dearbhaithe agus don fhoirm nocht a ghlacadh, na critéir chun creat comhchoiteann bainistíochta riosca a chinneadh, chun na rialacha teicniúla don mhalartú faisnéise a bhunú, agus chun an teimpléad atá le húsáid chun faisnéis a tharchur chuig an gCoimisiún a bhunú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾.
- (37) Chun feabhas a chur ar an staid reatha mar a bhfuil rochtain theoranta ar fhaisnéis staidrimh agus nach bhfuil ach táscairí áirithe ar fáil i dtaobh a mhéid atá airgead tirim á smuigleáil trasna teorainneacha seachtracha an Aontais ag coirpigh, ba cheart comhar níos éifeachtaí, trí bhíthin malartú faisnéise idir na húdaráis inniúla agus leis an gCoimisiún, a thabhairt isteach. Chun a ráthú go mbeidh an malartú faisnéise sin éifeachtach agus éifeachtúil, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil an córas atá bunaithe ag comhlíonadh a chuspóra nó an bhfuil bacainní ann a chuireann isteach ar mhalartú tráthúil agus díreach na faisnéise. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún faisnéis staidrimh a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin.
- (38) Chun gur féidir modhnuithe a dhéanfar amach anseo ar chaighdeán idirnáisiúnta amhail iad siúd atá leagtha síos ag an Tascfhórsa um Gníomhaíocht Airgeadais (FATF) a chur san áireamh go tapa nó chun aghaidh a thabhairt ar theacht timpeall an Rialacháin seo trí spleáchas ar thráchtarraí a úsáidtear mar stórtha luacha fíor-leachtacha nó trí spleáchas ar chártaí réamhíochta, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 de CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le leasuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ⁽²⁾. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonnrochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheith ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (39) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach, ach gur fearr, de bharr scála trasnáisiúnta an sciúrtha airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, agus de bharr shainiúlachtaí an mhargaidh inmheánaigh agus a shaoirsí bunúsacha, nach féidir a chur chun feidhme go hiomlán ach trína áirithiú nach bhforchuirtear aon chóireáil an-difriúil atá bunaithe ar reachtóireacht náisiúnta ar airgead tirim a thrasnaíonn teorainneacha seachtracha an Aontais, is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sárú maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

⁽²⁾ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

- (40) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a leagtar síos in Airteagal 6 CAE agus a léirítear sa Chairt, go háirithe Teideal II di.
- (41) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus thug sé tuairim uaidh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Sa Rialachán seo déantar foráil maidir le córas rialuithe i ndáil le hairgead tirim a thagann isteach san Aontas nó a théann amach as chun comhlánú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc a leagtar síos i dTreoir (AE) 2015/849.

Airteagal 2

Sainmhínithe

1. Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
- (a) ciallaíonn “airgead tirim”:
- (i) airgeadra;
 - (ii) ionstraimí soshannta iompróra;
 - (iii) tráchtearraí a úsáidtear mar stórtha luacha fíorleachtacha;
 - (iv) cártaí réamhíoctha;
- (b) ciallaíonn “teacht isteach san Aontas nó dul amach as” teacht ó chríoch atá lasmuigh den chríoch a chumhdaítear le hAirteagal 355 CFAE isteach sa chríoch a chumhdaítear leis an Airteagal sin, nó dul amach as an gcríoch a chumhdaítear leis an Airteagal sin;
- (c) ciallaíonn “airgeadra” nótaí bainc agus monaí atá i gcúrsaíocht mar mhodh malartaithe, nó a bhí i gcúrsaíocht mar mhodh malartaithe agus is féidir a mhalartú fós trí institiúidí airgeadais nó bainc cheannais le haghaidh nótaí bainc agus monaí atá i gcúrsaíocht mar mhodh malartaithe;
- (d) ciallaíonn “ionstraimí soshannta iompróra” ionstraimí seachas airgeadra agus a thugann teideal dá sealbhóirí suim airgeadais a éileamh ar na ionstraimí a thíolacadh, gan a bheith de dhualgas ar an sealbhóir a aitheantas ná a haitheantas ná teideal chun na suime sin a chruthú. Is iad na hionstraimí sin:
- (i) seiceanna taistil; agus
 - (ii) seiceanna, nótaí gealltanais nó orduithe airgid atá i bhfoirm iompróra, atá sínithe ach le hainm an íocaí fágtha ar lár, atá formhuinithe gan srian, atá déanta amach d’íocaí samhailteach, nó i bhfoirm eile a fhágann go n-aistrítear an teideal nuair a sheachadtar an t-airgead;
- (e) ciallaíonn “tráchtearra a úsáidtear mar stór luacha fíorleachtach” earra, mar a liostaítear i bpointe 1 d’Iarscríbhinn I, a bhfuil cóimheas ard luacha le toirt luaite leis agus is féidir a thiontú go héasca ina airgeadra trí mhargaí trádála inrochtana gan ach costais bheaga idirbhearta a thabhtú;
- (f) ciallaíonn “cárta réamhíoctha” cárta neamh-ainmniúil, mar a liostaítear i bpointe 2 d’Iarscríbhinn I, a stóráilann luach airgeadais nó cistí, nó a thugann rochtain orthu, agus is féidir a úsáid le haghaidh idirbhearta íocaíochta, chun earraí nó seirbhísí a fháil nó chun airgeadra a fhuascailt agus nuair is cárta é nach bhfuil nasctha le cuntas bainc;
- (g) ciallaíonn “údaráis inniúla” údaráis chustaim na mBallstát agus aon údaráis eile a bhfuil cumhacht tugtha dóibh ag na Ballstáit chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm;
- (h) ciallaíonn “iompróir” aon duine nádúrtha a thagann isteach san Aontas nó a théann amach as agus a bhfuil airgead tirim ar iompar ar a sheilbh aige, ina bhagáiste nó ina chóir iompair;
- (i) ciallaíonn “airgead tirim neamhthionlactha” airgead tirim ar cuid de choinsíneacht gan iompróir é;
- (j) ciallaíonn “gníomhaíocht choiriúil” aon cheann de na gníomhaíochtaí a liostaítear i bpointe (4) d’Airteagal 3 de Threoir (AE) 2015/849;
- (k) ciallaíonn “Aonad um Fhaisnéis Airgeadais (AFA)” an t-eintiteas arna bhunú i mBallstát chun Airteagal 32 de Threoir (AE) 2015/849 a chur chun feidhme.

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 den Rialachán seo chun Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú chun aird a thabhairt ar threochtaí nua maidir le sciúradh airgid, mar a shainmhínítear in Airteagal 1(3) agus (4) de Threoir (AE) 2015/849, nó maoiniú sceimhlitheoireachta, mar a shainmhínítear in Airteagal 1(5) den Treoir sin, nó chun dea-chleachtais nua maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc a thabhairt san áireamh, nó chun cosc a chur ar choirpigh úsáid a bhaint as tráchtarraí a úsáidtear mar stórtha luacha fíorleachtacha, agus as cártaí réamhíoctha chun teacht timpeall ar na hoibleagáidí atá leagtha síos in Airteagal 3 agus Airteagal 4 den Rialachán seo.

Airteagal 3

Oibleagáid airgead tirim tionlactha a dhearbhú

1. Iompróirí a bhfuil airgead tirim dar luach EUR 10 000 nó níos mó ar iompar acu, déanfaidh siad an t-airgead tirim sin a dhearbhú d'údarais inniúla an Bhallstáit trína bhfuil siad ag teacht isteach san Aontas nó ag dul amach as agus cuirfidh siad an t-airgead tirim ar fáil dóibh lena rialú. Ní mheasfar go mbeidh an oibleagáid airgead tirim a dhearbhú comhlíonta má sholáthraítear faisnéis mhícheart nó neamhiomlán nó mura gcuirtear an t-airgead tirim ar fáil lena rialú.
2. Sa dearbhú dá dtagraítear i mír 1, soláthrófar sonraí maidir leo seo a leanas:
 - (a) an t-iompróir, lena n-áirítear ainm iomlán, sonraí teagmhála, lena n-áirítear seoladh, dáta breithe agus áit bhreithe, náisiúntacht agus uimhir an doiciméid aitheantais;
 - (b) úinéir an airgid thirim, lena n-áirítear ainm iomlán, sonraí teagmhála, lena n-áirítear seoladh, dáta breithe agus áit bhreithe, náisiúntacht agus uimhir an doiciméid aitheantais, i gcás gur duine nádúrtha an t-úinéir, nó ainm iomlán, sonraí teagmhála, lena n-áirítear seoladh, uimhir chlárúcháin agus, i gcás ina mbeidh fáil uirthi, uimhir aitheantais Cánach Breisluacha (CBL) i gcás gur duine dlítheanach an t-úinéir;
 - (c) i gcás ina mbeidh fáil air, faighteoir beartaithe an airgid thirim, lena n-áirítear ainm iomlán, sonraí teagmhála, lena n-áirítear seoladh, dáta breithe agus áit bhreithe, náisiúntacht agus uimhir an doiciméid aitheantais, i gcás gur duine nádúrtha an faighteoir atá beartaithe, nó ainm iomlán, sonraí teagmhála, lena n-áirítear seoladh, uimhir chlárúcháin agus, i gcás ina mbeidh fáil uirthi, uimhir aitheantais CBL, i gcás i gcás gur duine dlítheanach an faighteoir atá beartaithe;
 - (d) cineál agus méid nó luach an airgid thirim;
 - (e) foinse eacnamaíoch an airgid thirim;
 - (f) an úsáid atá beartaithe a bhaint as an airgead tirim;
 - (g) an bealach iompair; agus
 - (h) an chóir iompair.
3. Soláthrófar na sonraí a liostaítear i mír 2 den Airteagal seo i scríbhinn nó go leictreonach agus úsáid á baint as an bhfoirm dearbhaithe dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 16(1). Seachadfar cóip fhormhuinithe den dearbhú nochta chuig an dearbhóir arna iarraidh sin.

Airteagal 4

Oibleagáid maidir le nochtaidh i gcás airgead tirim neamhthionlactha

1. I gcás ina bhfuil airgead tirim neamhthionlactha dar luach EUR 10 000 nó níos mó ag teacht isteach san Aontas nó ag dul amach as, féadfaidh údarais inniúla an Bhallstáit trína bhfuil an t-airgead tirim ag teacht isteach nó ag dul amach a chur de cheangal ar sheoltóir nó ar fhaighteoir an airgid thirim, nó a ionadaí, de réir mar a bheidh, dearbhú nochta a dhéanamh laistigh de sprioc-am socraithe 30 lá. Féadfaidh na húdarais inniúla an t-airgead tirim a choimeád faoi choinneáil go dtí go ndéanfaidh an seoltóir, an faighteoir nó a ionadaí, de réir mar a bheidh, an dearbhú nochta. Ní mheasfar go mbeidh an oibleagáid airgead neamhthionlactha a dhearbhú comhlíonta nuair nach ndéantar an dearbhú sula dtéann an sprioc-am in éag, má sholáthraítear faisnéis mhícheart nó neamhiomlán nó mura gcuirtear an t-airgead tirim ar fáil lena rialú.
2. Sa dearbhú nochta soláthrófar sonraí maidir leis an méid a leanas:
 - (a) an dearbhóir, lena n-áirítear ainm iomlán, sonraí teagmhála, lena n-áirítear seoladh, dáta breithe agus áit bhreithe, náisiúntacht agus uimhir an doiciméid aitheantais;
 - (b) úinéir an airgid thirim, lena n-áirítear ainm iomlán, sonraí teagmhála, lena n-áirítear seoladh, dáta breithe agus áit bhreithe, náisiúntacht agus uimhir an doiciméid aitheantais i gcás gur duine nádúrtha an t-úinéir, nó ainm iomlán, sonraí teagmhála, lena n-áirítear seoladh, uimhir chlárúcháin agus, i gcás ina mbeidh fáil uirthi, uimhir aitheantais CBL i gcás gur duine dlítheanach an t-úinéir;

- (c) seoltóir an airgid thirim, lena n-áirítear an t-ainm iomlán, sonraí teagmhála, lena n-áirítear seoladh, dáta breithe agus áit bhreithe, náisiúntacht agus uimhir an doiciméid aitheantais i gcás gur duine nádúrtha an t-úinéir, nó ainm iomlán, sonraí teagmhála, lena n-áirítear seoladh, uimhir chlárúcháin agus, i gcás ina mbeidh fáil uirthi, uimhir aitheantais CBL i gcás gur duine dlítheanach an t-úinéir;
- (d) faighteoir nó faighteoir beartaithe an airgid thirim, lena n-áirítear an t-ainm iomlán, sonraí teagmhála, lena n-áirítear seoladh, dáta breithe agus áit bhreithe, náisiúntacht agus uimhir an doiciméid aitheantais i gcás gur duine nádúrtha an faighteoir nó an faighteoir beartaithe, nó ainm iomlán, sonraí teagmhála, lena n-áirítear seoladh, uimhir chlárúcháin agus, i gcás ina mbeidh fáil uirthi, uimhir aitheantais CBL i gcás gur duine dlítheanach an faighteoir nó an faighteoir beartaithe;
- (e) cineál agus méid nó luach an airgid thirim;
- (f) foinse eacnamaíoch an airgid thirim; agus
- (g) an úsáid atá beartaithe a bhaint as an airgead tirim.

3. Soláthrófar na sonraí atá liostaithe i mír 2 den Airteagal seo i scríbhinn nó go leictreonach agus úsáid á baint as an bhfoirm nochtá dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 16(1). Seachadfar cóip fhorhmhuithe den dearbhú nochtá chuig an dearbhóir arna iarraidh sin.

Airteagal 5

Cumhachtaí na n-údarás inniúil

1. Chun a fhíorú go bhfuil an oibleagáid airgead tirim tionlactha a dhearbú a leagtar síos in Airteagal 3 á comhlíonadh, beidh an chumhacht ag na húdaráis inniúla rialuithe a dhéanamh ar dhaoine nádúrtha, a mbagáiste agus a gcóir iompair, i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos sa dlí náisiúnta.
2. Chun an oibleagáid maidir le airgead tirim neamhthionlactha a nochtadh a leagtar síos in Airteagal 4 a chur chun feidhme, beidh an chumhacht ag na húdaráis inniúla rialuithe a dhéanamh ar aon choinsíneachtaí, gabhdáin nó cóir iompair a bhféadfadh airgead tirim neamhthionlactha a bheith iontu, i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos sa dlí náisiúnta.
3. Mura bhfuil an oibleagáid airgead tionlactha a dhearbú faoi Airteagal 3 nó an oibleagáid maidir le hairgead neamhthionlactha a nochtadh faoi Airteagal 4 á comhlíonadh, déanfaidh na húdaráis inniúla dearbhú *ex officio* a chumadh i scríbhinn nó i bhfoirm leictreonach ina mbeidh a mhéid is féidir na sonraí a liostaítear in Airteagal 3(2) nó Airteagal 4(2), de réir mar a bheidh.
4. Beidh na rialuithe bunaithe go príomha ar anailís riosca, chun na rioscaí a shainnithint agus meastóireacht a dhéanamh orthu agus na frithbhearta riachtanacha a bhunú, agus déanfar iad laistigh de chreat comhchoiteann bainistithe riosca i gcomhréir leis na critéir dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 16(1), ar creat é ina gcuirfear san áireamh freisin na measúnaithe riosca arna mbunú ag an gCoimisiún agus na AFAnna faoi Threoir (AE) 2015/849.
5. Chun críocha Airteagal 6, déanfaidh na húdaráis inniúla na cumhachtaí a thugtar dóibh faoin Airteagal seo a fheidhmiú freisin.

Airteagal 6

Suímeanna atá faoi bhun na tairsí agus a bhfuil amhras ina dtaobh go bhfuil siad bainteach le gníomhaíocht choiriúil

1. I gcás ina mbraitheann na húdaráis inniúla iompróir agus suim airgid thirim aige atá faoi bhun na tairsí dá dtagraítear in Airteagal 3 agus go bhfuil tásca ann go bhfuil baint ag an airgead le gníomhaíocht choiriúil, déanfaidh siad an fhaisnéis sin agus na mionsonraí a liostaítear in Airteagal 3(2) a thairfeadh.
2. I gcás ina bhfaigheann na húdaráis inniúla go bhfuil airgead tirim neamhthionlactha atá faoi bhun na tairsí agus dá dtagraítear in Airteagal 4 ag teacht isteach san Aontas nó ag imeacht as, agus go bhfuil tásca ann go bhfuil baint ag an airgead tirim le gníomhaíocht choiriúil, déanfaidh siad an fhaisnéis sin agus na mionsonraí a liostaítear in Airteagal 4(2) a thairfeadh.

Airteagal 7

Coimeád faoi choinneáil sealadach airgid thirim ag údaráis inniúla

1. Féadfaidh na húdaráis inniúla airgead tirim a choimeád faoi choinneáil ar bhonn sealadach trí chinneadh riaracháin a dhéanamh i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos sa dlí náisiúnta sna cásanna seo a leanas:
 - (a) níl an oibleagáid airgead tionlactha a dhearbú faoi Airteagal 3 nó an oibleagáid airgead neamhthionlactha a nochtú faoi Airteagal 4 á comhlíonadh; nó
 - (b) tá tásca ann go bhfuil baint ag an airgead tirim, gan beann ar an méid, le gníomhaíocht choiriúil.

2. Beidh an cinneadh riaracháin dá dtagraítear i mír 1 faoi réir leigheas éifeachtach i gcomhréir le nósanna imeachta dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta. Maidir leis an ráiteas ar chúiseanna leis an gcinneadh riaracháin, tabharfaidh na húdaráis inniúla fógra ina leith:

- (a) don duine ar a gceanglaítear an dearbhú a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 3 nó an dearbhú nochta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 4; nó
- (b) don duine ar a gceanglaítear an fhaisnéis a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 6(1) nó (2).

3. Ní rachaidh tréimhse an choimeáda faoi choinneáil shealadaigh thar a bhfuil de dhíth ar na húdaráis inniúla, faoin dlí náisiúnta, chun a chinneadh an éilíonn imthosca an cháis go gcoimeádaí faoi choinneáil an t-airgead tuilleadh. Is 30 lá ar a mhéad a bheidh i dtréimhse an choimeáda faoi choinneáil shealadaigh. Tar éis dóibh measúnú críochnúil a dhéanamh ar a riachtanaí agus a chomhréirí a bheadh tuilleadh coimeáda faoi choinneáil shealadaigh, féadfaidh siad a chinneadh tréimhse an choimeáda faoi choinneáil shealadaigh a fhadú suas le huastréimhse 90 lá.

I gcás nach ndéantar cinneadh laistigh den tréimhse sin maidir leis an airgead tirim a choimeád faoi choinneáil tuilleadh nó má chinntear nach n-éilíonn imthosca an cháis go gcoimeádaí faoi choinneáil é ar feadh tréimhse níos faide, scaoilfear an t-airgead láithreach chuig an duine:

- (a) a ndearnadh an t-airgead a choimeád faoi choinneáil go sealadach uaidh nó uaithi sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 3 nó Airteagal 4; nó
- (b) a ndearnadh an t-airgead a choimeád faoi choinneáil go sealadach uaidh nó uaithi sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 6(1) nó (2).

Airteagal 8

Feachtas faisnéise

Maidir le daoine a thagann isteach san Aontas nó a théann amach as nó daoine a sheolann airgead tirim neamhthionlactha ón Aontas nó a fhaigheann airgead tirim neamhthionlactha san Aontas, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil siad ar an eolas faoina gcuid ceart agus oibleagáidí faoin Rialachán seo agus forbróidh siad, i gcomhar leis an gCoimisiún, ábhair iomchuí a dhíreofar ar na daoine sin.

Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear maoiniú leordhóthanach ar fáil d'fheachtais faisnéise den sórt sin.

Airteagal 9

Faisnéis a sholáthar don AFA

- 1. Déanfaidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis arna fáil faoi Airteagal 3 nó Airteagal 4, Airteagal 5(3) nó Airteagal 6 a thairgeadh agus a tharchur chuig AFA an Bhallstáit a fuarthas an fhaisnéis ann, de réir na rialacha teicniúla dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 16(1).
- 2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an AFA sa Bhallstát i dtrácht an fhaisnéis sin a mhalartú leis na AFAnna ábhartha sna Ballstáit eile i gcomhréir le hAirteagal 53(1) de Threoir (AE) 2015/849.
- 3. Déanfaidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a tharchur a luaithe is féidir, agus in aon chás tráth nach déanaí ná 15 lá oibre tar éis an dáta a fuarthas an fhaisnéis sin.

Airteagal 10

Faisnéis a mhalartú idir údaráis inniúla agus leis an gCoimisiún

- 1. Déanfaidh údaráis inniúil gach Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas a tharchur, trí mheán leictreonach, d'údaráis inniúla na mBallstát eile go léir:
 - (a) dearbhuithe *ex officio* arna gcumadh faoi Airteagal 5(3);
 - (b) faisnéis a fuarthas faoi Airteagal 6;
 - (c) dearbhuithe arna bhfáil faoi Airteagal 3 nó faoi Airteagal 4, i gcás ina bhfuil tásca ann go bhfuil baint ag an airgead tirim le gníomhaíocht choiriúil;
 - (d) faisnéis anaithnid faoi rioscaí agus torthaí na hanailíse riosca.
- 2. I gcás inarb ann do thásca go mbaineann an t-airgead tirim le gníomhaíocht choiriúil a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais, déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a tharchur freisin chuig an gCoimisiún, chuig Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh — ó na Ballstáit atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun an Rialachán (AE) 2017/1939 agus i gcás ina bhfuil sí inniúil chun gníomhú faoi Airteagal 22 den Rialachán sin, agus chuig *Europol* i gcás ina bhfuil sé inniúil chun gníomhú faoi Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2016/794.

3. Déanfaidh an t-údarás inniúil an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 a tharchur i gcomhréir leis na rialacha teicniúla dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 16(1) agus an fhoirm dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 16(1) á húsáid aige.
4. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a), pointe (b) agus pointe (c) de mhír 1 agus de mhír 2 a tharchur a luaithe is féidir agus in aon chás tráth nach déanaí ná 15 lá oibre tar éis an dáta a fuarthas an fhaisnéis sin.
5. Déanfar an fhaisnéis agus na torthaí dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 1, a tharchur gach 6 mhí.

Airteagal 11

Faisnéis a mhalartú le tríú tíortha

1. Chun críche an Rialacháin seo, féadfaidh na Ballstáit nó an Coimisiún laistigh den chreat um chúnamh riaracháin frithpháirteach, an fhaisnéis seo a leanas a tharchur chuig tríú tír, faoi réir údarú i scríbhinn ón údarás inniúil a fuair an fhaisnéis i dtosach, ar choinníoll go bhfuil an tarchur sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta ábhartha agus dlí ábhartha an Aontais maidir le haistriú sonraí pearsanta chuig tríú tíortha:
 - (a) dearbhuithe *ex officio* arna gcumadh faoi Airteagal 5(3);
 - (b) faisnéis arna fáil faoi Airteagal 6;
 - (c) dearbhuithe arna bhfáil faoi Airteagal 3 nó faoi Airteagal 4, i gcás ina bhfuil tásca ann go bhfuil baint ag an airgead tirim le sciúradh airgid nó le maoiniú na sceimhlitheoireachta.
2. Tabharfaidh Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon tarchur faisnéise de bhun mhír 1.

Airteagal 12

Sicréideacht agus rúndacht ghairmiúil agus slándáil sonraí

1. Áiríteoidh na húdaráis inniúla slándáil na sonraí a fhaigheann siad i gcomhréir le hAirteagal 3 agus Airteagal 4, Airteagal 5(3) agus Airteagal 6.
2. Beidh an fhaisnéis ar fad a fhaigheann na húdaráis inniúla cumhdaithe le dualgas na sicréideachta gairmiúla.

Airteagal 13

Sonraí pearsanta a chosaint agus tréimhsí coinneála

1. Gníomhóidh na húdaráis inniúla mar rialaitheoirí ar na sonraí pearsanta arna bhfáil acu trí Airteagal 3 agus Airteagal 4, Airteagal 5(3) agus Airteagal 6 a oibriú.
2. Is chun gníomhaíochtaí coiriúla a chosc agus a chomhrac, agus chuige sin amháin, a dhéanfar sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhonn an Rialacháin seo.
3. Ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis arna fáil trí Airteagal 3 agus Airteagal 4, Airteagal 5(3) agus Airteagal 6 a oibriú ach ag foireann chú-údaraithe na n-údarás inniúil agus déanfar an fhaisnéis a chosaint go cuí ar rochtain nó tarchur neamhúdaraithe. Mura rud é go bhforáiltear dá mhalairt in Airteagal 9, Airteagal 10 agus Airteagal 11, ní dhéanfar an fhaisnéis a nochtadh ná a tharchur gan údarú sainráite an údaráis inniúil a fuair na sonraí i dtosach. Ní bheidh an t-údarú sin riachtanach, áfach, i gcás ina gceanglaítear ar na húdaráis inniúla na sonraí sin a nochtadh nó a tharchur de bhun dlí náisiúnta an Bhallstáit i dtrácht, go háirithe i dtaca le himeachtaí dlí.
4. Déanfaidh na húdaráis inniúla agus an AFA sonraí pearsanta a fhaightear trí Airteagal 3, 4, Airteagal 5(3) agus Airteagal 6 a oibriú a stóráil go ceann tréimhse 5 bliana ón dáta a fuarthas na sonraí. Léirsciosfar na sonraí pearsanta sin ar dhul in éag don tréimhse sin.
5. Féadfar an tréimhse choinneála a fhadú uair amháin le tréimhse eile nach faide ná 3 bliana breise, más rud é:
 - (a) tar éis dó measúnú críochnúil a dhéanamh ar an ngá atá leis an gcoinneáil bhreise sin, agus ar a chomhréire atá sí, agus go measann sé go bhfuil bonn cirt leis chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh i ndáil leis an gcomhrac i gcoinne sciúradh airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, go gcinneann an AFA gur gá an choinneáil bhreise; nó
 - (b) tar éis dóibh measúnú críochnúil a dhéanamh ar an ngá atá leis an gcoinneáil bhreise sin, agus ar a chomhréire atá sí, agus go measann siad go bhfuil bonn cirt leis chun a gcuid cúraimí a chomhlíonadh i ndáil le rialuithe éifeachtacha a sholáthar a mhéid a bhaineann leis an oibleagáid airgead tirim tionlactha nó an oibleagáid airgead tirim neamhthionlactha a dhearbhu faoi mar a leagtar síos faoin Rialachán seo, go gcinneann na húdaráis inniúla go bhfuil gá leis an gcoinneáil bhreise.

*Airteagal 14***Pionóis**

1. Tabharfaidh gach Ballstát pionóis isteach a mbeidh feidhm acu i gcás nach gcomhlíontar an oibleagáid airgead tirim tionlactha a dhearbhu faoi mar a leagtar síos in Airteagal 3 nó an oibleagáid airgead tirim tionlactha a nochtadh, faoi mar a leagtar síos in Airteagal 4. Beidh pionóis den sórt sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

*Airteagal 15***An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 2(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón an 2 Nollaig 2018.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiochfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 2(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 16***Gníomhartha cur chun feidhme**

1. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta seo a leanas chun a áirithiú go gcuirfidh na húdaráis inniúla rialuithe i bhfeidhm ar bhealach aonfhoirmeach:
 - (a) na teimpléid don fhoirm dearbhaithe dá dtagraítear in Airteagal 3(3) agus don fhoirm nochtadh dá dtagraítear in Airteagal 4(3);
 - (b) critéir don chreat comhchoiteann bainistithe riosca dá dtagraítear in Airteagal 5(4) agus, go háirithe, na critéir riosca, caighdeán, agus réimsí rialaithe tosaíochta, bunaithe ar an bhfaisnéis arna malartú de bhun phointe (d) d'Airteagal 10(1), agus beartais agus dea-chleachtas de chuid an Aontais agus idirnáisiúnta;
 - (c) na rialacha teicniúla maidir le faisnéis a mhalartú go héifeachtach faoi Airteagal 9(1) agus (3) agus Airteagal 10 den Rialachán seo trí CFS, arna bhunú le hAirteagal 23 de Rialachán (CE) Uimh. 515/97;
 - (d) an teimpléad don fhoirm chun faisnéis a tharchur dá dtagraítear in Airteagal 10(3); agus
 - (e) na rialacha agus an fhoráid atá le húsáid ag Ballstáit chun faisnéis staidrimh anaithnidithe maidir le dearbhuithe, rialuithe agus sárúithe de bhun Airteagal 18 a sholáthar don Choimisiún.
2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17(2).

*Airteagal 17***Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh Coiste um Rialuithe ar Airgead Tirim cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 18***Faisnéis a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo a tharchur**

1. Faoin 4 Nollaig 2021, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas a tharchur chuig an gCoimisiún:
 - (a) liosta na n-údarás inniúil;
 - (b) na mionsonraí maidir leis na pionóis a thugtar isteach de bhun Airteagal 14;
 - (c) faisnéis staidrimh anaithnidithe maidir le dearbhuithe, rialuithe agus sáruithe, agus úsáid á baint as an bhformáid dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 16(1).
2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon athruithe ina dhiaidh sin ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) agus pointe (b) de mhír 1, 1 mhí amháin ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm na n-athruithe sin.

Cuirfean an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 1 ar fáil don Choimisiún gach 6 mhí ar a laghad.
3. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1(a) agus aon athruithe a dhéantar ar an bhfaisnéis ina dhiaidh sin de bhun mhír 2 ar fáil do na Ballstáit eile ar fad.
4. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) agus pointe (c) de mhír 1 agus aon athruithe a dhéanfar ar an bhfaisnéis sin ina dhiaidh sin de bhun mhír 2 a fhoilsiú gach bliain ar a shuíomh gréasáin agus cuirfidh sé úsáideoirí ar an eolas, ar bhealach soiléir, faoi na rialuithe i ndáil le hairgead tirim a thagann isteach san Aontas nó a théann amach as.

*Airteagal 19***Meastóireacht**

1. Faoin 3 Nollaig 2021 agus gach 5 bliana as sin amach, déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn na faisnéise arna fáil go rialta ó na Ballstáit, tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

Sa tuarascáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír go háirithe, déanfar meastóireacht ar an méid seo a leanas:

 - (a) ar cheart sócmhainní eile a áireamh i raon feidhme an Rialacháin seo;
 - (b) an bhfuil an nós imeachta um nochtadh i gcás airgead tirim neamhthionlactha éifeachtúil;
 - (c) ar cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an tairseach le haghaidh airgead tirim neamhthionlactha;
 - (d) an bhfuil an sreabhadh faisnéise i gcomhréir le hAirteagal 9 agus Airteagal 10 agus an bhfuil úsáid CFC, go háirithe, éifeachtúil, nó an ann do bhacainní ar mhalartú tráthúil agus díreach faisnéise comhoiriúnaí agus inchomparáide idir na húdaráis inniúla agus le hAFAnna; agus
 - (e) an bhfuil pionóis arna dtabhairt isteach ag na Ballstáit éifeachtach, comhréireach, athchomhairleach agus i gcomhréir le cásdlí seanbhunaithe Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus cibé an bhfuil na pionóis sin ina ndíspreagadh coibhéiseach ar fud an Aontais i dtaobh sárú a dhéanamh ar an Rialachán seo.
2. Áireofar an méid seo a leanas sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1, i gcás ina bhfuil sé ar fáil:
 - (a) faisnéis thiomsaithe arna fáil ó na Ballstáit maidir le hairgead tirim a bhaineann le gníomhaíochtaí coiriúla a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais; agus
 - (b) faisnéis faoi mhalartú faisnéise le tríú tíortha.

*Airteagal 20***Rialachán (CE) Uimh. 1889/2009 a aisghairm**

Déantar Rialachán (CE) Uimh. 1889/98 a aisghairm.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 21***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 3 Meitheamh 2021. Beidh feidhm ag Airteagal 16 ón 2 Nollaig 2018, áfach.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 23 Deireadh Fómhair 2018.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. EDTSTADLER

IARSCRÍBHINN I

Tráchtearraí a úsáidtear mar stórtha luacha fíorleachtacha agus cártaí réamhíoctha a mheastar a bheith coibhéiseach le hairgead tirim i gcomhréir le pointe (a) (iii) agus (iv) d'Airteagal 2(1)

1. Tráchtearraí a úsáidtear mar stórtha luacha fíorleachtacha:
 - (a) monaí le cion óir 90 % ar a laghad; agus
 - (b) builleam amhail barraí, cnapanna nó meallta le cion óir 99,5 % ar a laghad.
2. Cártaí réamhíoctha: P.M.

IARSCRÍBHINN II

TÁBLA COMHGHAOIL

Rialachán (CE) Uimh. 1889/2005	An Rialachán seo
Airteagal 1	Airteagal 1
Airteagal 2	Airteagal 2
Airteagal 3	Airteagal 3
—	Airteagal 4
Airteagal 4(1)	Airteagal 5
Airteagal 5(2)	Airteagal 6
Airteagal 4(2)	Airteagal 7
—	Airteagal 8
Airteagal 5(1)	Airteagal 9
Airteagal 6	Airteagal 10
Airteagal 7	Airteagal 11
Airteagal 8	Airteagal 12
—	Airteagal 13
Airteagal 9	Airteagal 14
—	Airteagal 15
—	Airteagal 16
—	Airteagal 17
—	Airteagal 18
Airteagal 10	Airteagal 19
—	Airteagal 20
Airteagal 11	Airteagal 21
—	Iarscríbhinn I
—	Iarscríbhinn II

TREORACHA

TREOIR (AE) 2018/1673 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Deireadh Fómhair 2018

maidir le sciúradh airgid a chomhrac tríd an dlí coiriúil

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 83(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽¹⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Is fadhbanna suntasacha ar leibhéal an Aontais fós iad sciúradh airgid agus maoiniú gaolmhar na sceimhlitheoireachta agus na coireachta eagraithe, ar fadhbanna iad a dhéanann damáiste do shláine agus cobhsaíocht na hearnála airgeadais agus don chlú atá uirthi agus a chuireann margadh inmheánach agus slándáil inmheánach an Aontais i gcontúirt. D'fhonn dul i ngleic leis na fadhbanna sin agus cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, a chomhlánú agus a threisiú, is é an aidhm atá leis an Treoir seo sciúradh airgid a chomhrac tríd an dlí coiriúil, rud a chumasóidh comhar trasteorann níos éifeachtúla agus níos tapa idir údaráis inniúla.
- (2) Ní bheadh ach tionchar an-bheag ag bearta nach nglacfaí ach ar leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais amháin gan comhordú agus comhar idirnáisiúnta a chur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart na bearta arna nglacadh ag an Aontas chun sciúradh airgid a chomhrac a bheith ag teacht le gníomhaíochtaí eile arna ndéanamh i bhfóraithe idirnáisiúnta agus ba cheart iad a bheith chomh dian leo ar a laghad freisin.
- (3) Agus bearta á ndéanamh ar leibhéal an Aontais, ba cheart leanúint d'aird ar leith a thabhairt ar mholtaí an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF) agus ar ionstraimí de chuid eagraíochtaí agus comhlachtaí idirnáisiúnta eile atá ag glacadh páirt ghníomhach sa chomhrac i gcoinne sciúradh airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta. Ba cheart gníomhartha dlíthiúla ábhartha an Aontais a chur ar chomhréim tuilleadh, nuair is cuí, leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le Sciúradh Airgid agus maidir le Maoiniú Sceimhlitheoireachta agus Maoiniú Leata a Chomhrac, ar ghlac FATF iad i mí Feabhra 2012 ("Moltaí athbhreithnithe FATF"). Ós rud é gur shínigh an tAontas Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Sciúradh, Cuardach, Urghabháil agus Coigistiú a Dhéanamh ar na Fáltais ó Choireacht agus maidir le Maoiniú na Sceimhlitheoireachta, ba cheart dó ceanglais an Choinbhinsiúin sin a thrasú ina dhlíchóras.
- (4) Le Cinneadh Réime 2001/500/CGB ⁽³⁾ ón gComhairle, leagtar síos ceanglais maidir le coir a dhéanamh as sciúradh airgid. Ní cuimsitheach go leor atá an Cinneadh Réime, áfach, agus níl coiriúlú reatha an sciúrtha airgid sách comhleanúnach ach oiread chun sciúradh airgid a chomhrac go héifeachtach ar fud an Aontais, agus dá thoradh sin, bíonn bearnaí forfheidhmithe agus bacainní sa chomhar idir na húdaráis inniúla sna Ballstáit dhifriúla.

⁽¹⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Meán Fómhair 2018 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 11 Deireadh Fómhair 2018.

⁽²⁾ Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoirí, lena leasáítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

⁽³⁾ Cinneadh Réime 2001/500/CGB ón gComhairle an 26 Meitheamh 2001 maidir le sciúradh airgid agus le hionstraimeachtaí agus fáltais ón gcoireacht a shainiú, a rianú, a chalcadh, a urghabháil agus a choigistiú (IO L 182, 5.7.2001, lch. 1).

- (5) An sainmhíniú ar ghníomhaíochtaí coiriúla ar cionta preideacáide iad chun críocha sciúradh airgid, ba cheart é a bheith sách comhionann i ngach ceann de na Ballstáit. Na cionta ar fad atá inphionóis le téarma príosúnachta mar a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go measfar iad mar cionta preideacáide chun críocha sciúrtha airgid. Ina theannta sin, sa mhéid nach ndéantar sin cheana le cur i bhfeidhm na dtairseach pionóis sin, ba cheart do na Ballstáit raon cionta a áirithiú laistigh de gach catagóir a leagtar amach sa Treoir seo. Sa chás sin, ba cheart go mbeadh na Ballstáit ábalta a chinneadh cén chaoi raon na gcionta sin a theorannú laistigh de gach catagóir. I gcás ina n-áirítear i gcatagóir cionta, amhail an sceimhlitheoireacht nó coireanna comhshaoil, cionta a leagtar amach i ngníomhartha dlí an Aontais, ba cheart tagairt a dhéanamh do na gníomhartha dlí sin sa Treoir seo. Ba cheart do na Ballstáit, áfach, aon chion a leagtar amach sna gníomhartha dlí sin a mheas mar chion preideacáide don sciúradh airgid. Aon pháirt inphionóis ar bith i gcion preideacáide, mar a choiriúlaítear é i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, a dhéanamh, ba cheart é sin a mheas mar ghníomhaíocht choiriúil chun críocha na Treorach seo. I gcásanna ina dtugtar cead le dlí an Aontais do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí eile nach smachtbhannaí coiriúla iad, níor cheart ceangal a chur ar na Ballstáit leis an Treoir seo na cionta sna cásanna sin a aicmiú mar chionta preideacáide chun críocha na Treorach seo.
- (6) Ó thaobh an sciúrtha airgid a chomhrac, baineann rioscaí agus dúshláin nua le húsáid na n-airgeadraí fíorúla. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go dtugtar aghaidh go hiomchuí ar na rioscaí sin.
- (7) De dheasca thionchar na gcoireanna sciúrtha airgid arna ndéanamh ag sealbhóirí oifige poiblí ar an réimse poiblí agus ar shláine institiúidí poiblí, ba cheart go bhféadfadh na Ballstáit a mheas pionós níos déine a chur san áireamh maidir le sealbhóirí oifige poiblí ina gcreat náisiúnta i gcomhréir lena dtraidisiúin dhlíthiúla.
- (8) Ba cheart coireanna cánach a bhaineann le cánacha díreacha agus cánacha indíreacha a chumhdú sa sainmhíniú ar ghníomhaíocht choiriúil, i gcomhréir le Moltaí athbhreithnithe FATF. Ós rud é gur féidir i ngach Ballstát gur ionann coireanna difriúla cánach agus gníomhaíocht choiriúil a bhféadfadh pionós a ghearradh ina leith trí bhithin na smachtbhannaí dá dtagraítear sa Treoir seo, d'fhéadfadh na sainmhínithe ar choireanna cánach bheith difriúil sa dlí náisiúnta. Níl sé mar aidhm ag an Treoir seo, áfach, go ndéanfaí na sainmhínithe ar choireanna cánach i ndlí náisiúnta a chomhchuíbhiú.
- (9) Ba cheart do na Ballstáit, in imeachtaí coiriúla maidir le sciúradh airgid, cúnaimh sa bhealach is leithne agus is féidir a chur ar fáil dá chéile, agus a áirithiú go malartaítear faisnéis ar bhonn éifeachtach agus tráthúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le creat dlíthiúil an Aontais atá ann cheana. Níor cheart go ndéanfaid difríochtaí idir na sainmhínithe sa dlí náisiúnta ar chionta preideacáide bac a chur ar chomhar idirnáisiúnta in imeachtaí coiriúla maidir le sciúradh airgid. Ba cheart comhar a ghéarú le tríú tíortha, go háirithe trí spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do bhunú beart agus sásraí chun sciúradh airgid a chomhrac agus trí chomhar idirnáisiúnta níos fearr a áirithiú sa réimse seo.
- (10) Níl feidhm ag an Treoir seo maidir le sciúradh airgid a bhaineann le maoin a gnóthaíodh ó chionta coiriúla a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais, rud atá faoi réir rialacha sonracha mar a leagtar síos i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾. Beidh an méid seo gan dochar don fhéidearthacht atá ag na Ballstáit an Treoir seo agus Treoir (AE) 2017/137 a thrasú trí bhithin creat cuimsitheach amháin ar an leibhéal náisiúnta. De réir Airteagal 325(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), na bearta a dhéanann na Ballstáit chun calaois a dhéanann dochar dá leasanna airgeadais féin a chomhrac, tá siad leis na bearta céanna a dhéanamh chun calaois a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac.
- (11) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur inphionóis iad cineálacha áirithe gníomhaíochta sciúrtha airgid freisin nuair is ionann an duine a rinne an ghníomhaíocht choiriúil ónar gineadh an mhaoin agus an duine a rinne an ghníomhaíocht sciúrtha airgid (“féinsciúradh”). I gcásanna den sórt sin, más rud é nach é amháin go bhfuil seilbh nó úsáid maoine i gceist leis an ngníomhaíocht sciúrtha airgid, ach go bhfuil aistriú, tiontú, maoin a cheilt nó bréagríocht a chur uirthi agus gur cúis í le níos mó damáiste ná an damáiste a rinneadh mar gheall ar an ngníomhaíocht choiriúil, mar shampla, tríd an mhaoin a fhaightear ó ghníomhaíocht choiriúil a chur i gcúrsaíocht agus, tríd an méid sin a dhéanamh, a tionscnamh neamhdhleathach a cheilt, ba cheart gur inphionóis a bheadh an ghníomhaíocht sciúrtha airgid sin.

⁽¹⁾ Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhithin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

- (12) Chun go mbeidh éifeacht le bearta an dlí choiriúil chun cur i gcoinne an sciúrtha airgid, ba cheart gurb indéanta ciontú a dhéanamh gan é a bheith riachtanach a shuíomh go beacht cén gníomhaíocht choiriúil a ghin an mhaoín, nó ciontú roimhe sin nó ciontú comhuaineach don chion sin a bheith ann, agus na cúinsí agus an fhianaise ábhartha uile á gcur san áireamh. Ba cheart go mbeadh na Ballstáit, i gcomhréir lena gcórais náisiúnta dlí, in ann é seo a áirithiú trí mhodhanna eile seachas tríd an reachtaíocht. Ina theannta sin, níor cheart go gcuirfeadh sé aon bhac le hionchúisimh i leith sciúradh airgid dá mba i mBallstát eile nó i dtríú tír a rinneadh an gníomhaíocht choiriúil, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa Treoir seo.
- (13) Is é is aidhm don Treoir seo an sciúradh airgid a choiriúilú nuair a dhéantar d'aon ghnó é agus i bhfios gur tháinig an mhaoín ó ghníomhaíocht choiriúil. Sa chomhthéacs sin, ní cheart go ndéanadh an Treoir seo aon idirdhealú idir cásanna inar tháinig an mhaoín go díreach ó ghníomhaíocht choiriúil agus cásanna inar tháinig an mhaoín go hindíreach ó ghníomhaíocht choiriúil, i gcomhréir leis an sainmhíniú leathan atá ar "fáltais", mar a leagtar síos i dTreoir 2014/42/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾. I ngach cás, nuair atáthar ag meas ar tháinig an mhaoín ó ghníomhaíocht choiriúil agus an raibh sé sin ar eolas ag an duine, ba cheart cúinsí ar leith an cháis sin a chur san áireamh, mar shampla an fhírur gur díreireach luach na maoine agus ioncam dleathach an duine atá cúisithe agus go ndearnadh an ghníomhaíocht choiriúil sa tréimhse ama chéanna agus a tharla fáil na maoine. Is féidir an rún taobh thiar den sciúradh airgid agus an t-eolas air a bhunú ar chúinsí oibiachtúla fíorasacha. Ós rud é go bhforáiltear leis an Treoir seo do rialacha íosta maidir le sainmhíniú ar chionta coiriúla agus smachtbhannaí sa réimse sciúrtha airgid, tá cead ag na Ballstáit, mar shampla, rialacha níos déine a ghlacadh nó a choinneáil ina ndlí coiriúil féin sa réimse sin. Ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit a fhoráil, mar shampla, gur cion coiriúil é sciúradh airgid a dhéantar go meargánta nó trí fhaillí thromchúiseach. Tagairtí sa Treoir seo do sciúradh airgid a dhéantar trí fhaillí, ba cheart iad a thuiscint mar sin do na Ballstáit a dhéanann an t-iompar sin a choiriúilú.
- (14) Chun bac a chur ar sciúradh airgid ar fud an Aontais, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil sé inphionóis le huastéarma príosúnachta 4 bliana ar a laghad. Ní dochar an oibleagáid sin d'indibhidiúlú agus cur i bhfeidhm pionós agus d'fhorghníomhú pianbhreitheanna i gcomhréir leis na himthosca nithiúla i ngach cás aonair. Ba cheart do na Ballstáit smachtbhannaí nó bearta breise a fhoráil, amhail fíneálacha, eisiaimh sealadach nó buan ó rochtain ar mhaoiniú poiblí, lena n-áirítear nósanna imeachta tairisceana, deontais agus lamháiltais, dícháiliú sealadach ó ghníomhaíochtaí tráchtála a chleachtadh nó cosc sealadach ar sheasamh i dtoghchán d'oifig thofa nó phoiblí. Ní dochar an oibleagáid sin do rogha an bhreithimh nó do rogha na cúirte cinneadh a dhéanamh cé acu an ndéanfar smachtbhannaí nó bearta breise a fhorchur nó nach ndéanfar, agus imthosca uile an cháis ar leith á gcur san áireamh.
- (15) Cé nach bhfuil aon oibleagáid ann pianbhreitheanna a mhéadú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh an breitheamh nó an chúirt in ann na himthosca géaraitheacha mar a leagtar amach sa Treoir seo iad a chur san áireamh nuair a bheidh pianbhreith á cur ar chiontóirí acu. Tá sé i gcónaí de rogha ag an mbreitheamh nó ag an gcúirt a chinneadh ar cheart an phianbhreith a mhéadú toisc imthosca géaraitheacha sonraigh a bheith i gceist, agus aird á tabhairt ar fhíorais uile an cháis ar leith. Níor cheart a chur d'oibleagáid ar na Ballstáit foráil a dhéanamh d'imthosca géaraitheacha i gcás ina ndéantar foráil leis an dlí náisiúnta go bhfuil na cionta coiriúla, mar a leagtar síos iad i gCinneadh Réime 2008/841/CGB ⁽²⁾ nó cionta arna ndéanamh ag daoine nádúrtha ag gníomhú dóibh mar eintitis faoi oibleagáid i bhfeidhmiú a ngníomhaíochtaí gairmiúla, inphionóis mar chionta ar leithligh agus d'fhéadfadh sé go dtiocfadh smachtbhannaí níos déine as.
- (16) Baintear na dreasaí airgeadais lena spreagtar coireacht nuair a dhéantar na hionstraimeachtaí agus fáltais ón gcoireacht a chalcadh agus a choigistiú. Le Treoir 2014/42/AE, leagtar síos rialacha íosta maidir leis na hionstraimeachtaí agus fáltais ón gcoireacht a chalcadh agus a choigistiú in ábhair choiriúla. Leis an Treoir sin freisin, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuairisc a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir lena chur chun feidhme agus chun moltaí leormhaithe a dhéanamh más gá. Ba cheart do na Ballstáit, ar a laghad, calcadh agus choigistiú na n-ionstraimeachtaí agus na bhfáltais ó choireacht a áirithiú sna cásanna uile dá bhforáiltear i dTreoir 2014/42/AE. Ba cheart do na Ballstáit freisin, dianmhachnamh a dhéanamh ar choigistiú a cheadú sna cásanna uile nach féidir imeachtaí coiriúla a thionscnamh nó a thabhairt chun críche, lena n-áirítear cásanna ina bhfuil an ciontóir marbh. Mar a d'iarr Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle sa ráiteas a ghabhann le Treoir 2014/42/AE, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil ina ndéanfar anailís ar indéantacht agus buntáistí féideartha tuilleadh rialacha comhchoiteanna a thabhairt isteach maidir le choigistiú maoine arna teacht as gníomhaíochtaí ar de chineál coiriúil iad, lena n-áirítear nuair nach gciontaítear duine nó daoine ar leith as na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh. Cuirfear san áireamh san anailís sin na difríochtaí idir traidisiúin dlí agus córais dlí na mBallstát.

⁽¹⁾ Treoir 2014/42/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le hionstraimeachtaí agus fáltais ón gcoireacht a chalcadh agus a choigistiú san Aontas Eorpach (IO L 127, 29.4.2014, lch. 39).

⁽²⁾ Cinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2008 maidir leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe (IO L 300, 11.11.2008, lch. 42).

- (17) Mar gheall ar shoghluaisteacht dhéantóirí na coireachta agus ar shoghluaisteacht na bhfáltais ó ghníomhaíochtaí coiriúla, agus mar gheall ar na himscrúduithe casta trasteorann a theastaíonn chun sciúradh airgid a chomhrac, ba cheart do gach Ballstát a ndlínse a bhunú chun cur ar chumas na n-údarás inniúil gníomhaíochtaí den sórt sin a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, dá bhrí sin, go gcumhdaítear lena ndlínse na cásanna sin ina ndéantar cion trí bhíthin teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide óna gcríoch féin, bíodh an teicneolaíocht sin lonnaithe ina gcríoch nó ná bíodh.
- (18) Faoi Chinneadh Réime 2009/948/CGB ón gComhairle⁽¹⁾ agus Cinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle⁽²⁾, caithfidh údarás inniúla dhá Bhallstát nó níos mó a sheolann imeachtaí coiriúla comhthreomhar i leith na bhfíricí céanna a bhaineann leis an duine céanna dul i mbun comhairliúcháin dhíreacha lena chéile, le cúnadh ó *Eurojust*, go háirithe chun a áirithiú go ndéanfar na cionta uile a chumhdaítear sa Treoir seo a ionchúiseamh.
- (19) Chun a áirithiú go mbeidh rath ar imscrúduithe agus ar ionchúiseamh ar chionta sciúrtha airgid, ba cheart an deis a bheith acu siúd atá freagrach as na cionta sin a imscrúdú nó a ionchúiseamh leas a bhaint as uirlisí imscrúdúcháin éifeachtacha amhail na cinn sin a úsáidtear chun an choireacht eagraithe nó coireanna tromchúiseacha eile a chomhrac. Ba cheart go n-áiríteofaí dá bhrí sin go mbeadh dóthain pearsanra agus oiliúint spriodhírthe, chomh maith le dóthain acmhainní agus acmhainneacht teicneolaíochta ar fáil. Ba cheart úsáid uirlisí den sórt sin, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, a bheith spriodhírthe agus ba cheart, agus iad á n-úsáid, prionsabal na comhréireachta agus cineál agus tromchúis na gcionta atá faoi imscrúdú a chur san áireamh agus ba cheart an ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint a urramú.
- (20) Cuirtear an Treoir seo in ionad forálacha áirithe de Chinneadh Réime 2001/500/CGB i ndáil leis na Ballstáit a bheidh faoi cheangal ag an Treoir seo.
- (21) Leis an Treoir seo, urramaítear na prionsabail a aithnítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpaigh (CAE), urramaítear cearta agus saoirsí bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear, go háirithe, sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear na cinn sin a leagtar amach i dTeidil II, III, V agus VI de lena gcuimsítear, *inter alia*, an ceart go n-urramófaí an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh agus an ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint, prionsabail na dlíthiúlachta agus na comhréireachta i dtaca le cionta coiriúla agus pionóis, lena gcumhdaítear freisin an ceanglas maidir le cruinneas, soiléireacht agus intuathacht sa dlí coiriúil, toimhde na neamhchiontachta, mar aon le cearta na ndaoine atá faoi dhrochamhras agus na ndaoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla dlíodóir a fháil, an ceart gan iad féin a ionchoiriú agus an ceart chun trialach córa. Caithfear an Treoir seo a chur chun feidhme i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail sin agus aird á tabhairt freisin ar an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, an Cúntant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, agus ar oibleagáidí eile maidir le cearta an duine faoin dlí idirnáisiúnta.
- (22) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, is é sin sciúradh airgid i ngach Ballstát a chur faoi phionóis choiriúla atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr scála agus éifeachtaí na Treorach, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 de CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (23) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótocal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótocal sin, níl an Ríocht Aontaithe ná Éire rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl siad faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.
- (24) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótocal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm. Leanfaidh Cinneadh Réime 2001/500/CGB de bheith ina cheangal ar an Danmhairg agus infheidhme maidir léi,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leis an Treoir seo, bunaítear rialacha íosta maidir le cionta coiriúla agus smachtbhannaí a shainiú i réimse an sciúrtha airgid.

⁽¹⁾ Cinneadh Réime 2009/948/CGB ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le coinbhleachtaí i bhfeidhmiú dlínse in imeachtaí coiriúla a chosc agus a shocrú (IO L 328, 15.12.2009, lch. 42).

⁽²⁾ Cinneadh Réime 2002/187/CGB ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 lenar bunaíodh Eurojust d'fhonn an comhrac in aghaidh na coireachta tromchúisí a neartú (IO L 63, 6.3.2002, lch. 1).

2. Níl feidhm ag an Treoir seo maidir le sciúradh airgid i dtaca le maoin a gnóthaíodh ó chionta coiriúla a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais, rud atá faoi réir rialacha sonracha a leagtar síos i dTreoir (AE) 2017/1371.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “gníomhaíocht choiriúil” aon saghas rannpháirtíochta coiriúla in aon chion a dhéanamh a bhféadfar cailleadh saoirse nó ordú coinneála is mó ná bliain amháin a ghearradh mar uaspionós ina leith i gcomhréir le dlí náisiúnta nó, maidir leis na Ballstáit ag a bhfuil íostairseach ina gcóras dlí le haghaidh cionta, in aon chion a dhéanamh a bhféadfar cailleadh saoirse nó ordú coinneála is faide ná sé mhí ar a laghad a ghearradh mar phionós ina leith. In aon chás, déantar na cionta sna catagóirí seo a leanas a mheas mar ghníomhaíocht choiriúil:
- (a) rannpháirtíocht i ngrúpa coiriúil eagraithe agus sa chambheartaíocht, lena n-áirítear ceann ar bith de na cionta a leagtar amach i gCinneadh Réime 2008/841/CGB;
 - (b) an sceimhlitheoireacht, lena n-áirítear ceann ar bith de na cionta a leagtar amach i dTreoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾;
 - (c) gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil imirceach, lena n-áirítear ceann ar bith de na cionta a leagtar amach i dTreoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ agus i gCinneadh Réime 2002/946/CGB ón gComhairle ⁽³⁾;
 - (d) teacht i dtír gnéasach, lena n-áirítear ceann ar bith de na cionta a leagtar amach i dTreoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾;
 - (e) gáinneáil aindleathach ar dhruaí támhshuanacha agus ar shubstaintí síceatrópacha, lena n-áirítear ceann ar bith de na cionta a leagtar amach i gCinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle ⁽⁵⁾;
 - (f) gáinneáil aindleathach ar airm;
 - (g) gáinneáil aindleathach ar earraí goidte agus earraí eile;
 - (h) éilliú, lena n-áirítear ceann ar bith de na cionta a leagtar amach sa Choinbhinsiún maidir leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe a bhfuil oifigigh na gComhphobal Eorpach nó oifigigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh ⁽⁶⁾ i dtreis ann agus a leagtar amach freisin i gCinneadh Réime 2003/568/CGB ón gComhairle ⁽⁷⁾;
 - (i) calaois, lena n-áirítear ceann ar bith de na cionta a leagtar amach i gCinneadh Réime 2001/413/CGB ón gComhairle ⁽⁸⁾;

⁽¹⁾ Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6).

⁽²⁾ Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2002/629/CGB ón gComhairle (IO L 101, 15.4.2011, lch. 1).

⁽³⁾ Cinneadh Réime 2002/946/CGB ón gComhairle an 28 Samhain 2002 maidir leis an gcreat pionósach a neartú chun cosc a chur le héascú ar theacht isteach, idirthuras agus cónaí neamhúdaráithe (IO L 328, 5.12.2002, lch. 1).

⁽⁴⁾ Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (IO L 335, 17.12.2011, lch. 1).

⁽⁵⁾ Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004 lena leagtar síos forálacha íosta maidir leis na heilimintí a chomhdhéanann gníomhartha coiriúla agus pionóis i réimse na gáinneála aindleathaí ar dhruaí (IO L 335, 11.11.2004, lch. 8).

⁽⁶⁾ Gníomh ón gComhairle an 26 Bealtaine 1997 ag dréachtú, ar bhonn Airteagal K.3 (2) (c) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, an Choinbhinsiún maidir leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe a bhfuil oifigigh na gComhphobal Eorpach nó oifigigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh páirteach ann (IO C 195, 25.6.1997, lch. 1).

⁽⁷⁾ Cinneadh Réime 2003/568/CGB ón gComhairle an 22 Iúil 2003 maidir le héilliú a chomhrac san earnáil phríobháideach (IO L 192, 31.7.2003, lch. 54).

⁽⁸⁾ Cinneadh Réime 2001/413/CGB ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 maidir le calaois agus góchumadh modhanna íocaíochta neamhairgid a chomhrac (IO L, 149 2.6.2001, lch. 1).

- (j) góchumadh airgeadra, lena n-áirítear ceann ar bith de na cionta a leagtar amach i dTreoir 2014/62/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾;
 - (k) góchumadh agus píoráideacht táirgí;
 - (l) an choireacht chomhshaoil, lena n-áirítear ceann ar bith de na cionta a leagtar amach i dTreoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ nó i dTreoir 2009/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾;
 - (m) dúnmharú, mórdhíobháil choirp;
 - (n) fuadach, srianadh neamhdhleathach agus gabháil giall;
 - (o) robáil nó gadaíocht;
 - (p) smuigleáil;
 - (q) coireanna cánach a bhaineann le cánacha díreacha agus indéreacha, mar atá siad leagtha amach i ndlí náisiúnta;
 - (r) sracadh;
 - (s) brionnú;
 - (t) píoráideacht;
 - (u) trádáil chos istigh agus cúbláil margaidh, lena n-áirítear ceann ar bith de na cionta a leagtar amach i dTreoir 2014/57/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾;
 - (v) an chibearchoireacht, lena n-áirítear ceann ar bith de na cionta a leagtar amach i dTreoir 2013/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾.
- (2) ciallaíonn “maoin” sócmhainní de chineál ar bith, bídis corprach nó neamhchorprach, inaistrithe nó do-aistrithe, inláimhsithe nó doláimhsithe, agus doiciméid dlí nó ionstraimí dlí i bhfoirm ar bith, lena n-áirítear foirm leictreonach agus foirm dhigiteach, lena bhfianáitear teideal ar na sócmhainní sin nó leas iontu;
- (3) ciallaíonn “duine dlítheanach” eintiteas ar bith a bhfuil pearsantacht dhlíthiúil aige faoin dlí is infheidhme, cé is moite de stáit nó comhlachtaí poiblí atá i mbun údarás stáit a fheidmiú agus d’eagraíochtaí idirnáisiúnta poiblí.

Airteagal 3

Cionta sciúrtha airgid

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh na cineálacha iompair seo a leanas, nuair a dhéantar iad d’aon ghnó, inphionóis mar chion coiriúil:

- (a) maoin a chomhshó nó a aistriú, i gcás inarb eol gur gnóthaíodh an mhaoin sin ó ghníomhaíocht choiriúil, d’fhonn foinse aindleathach na maoin a cheilt nó a chur i mbréagríocht nó chun cabhrú le duine ar bith a bhfuil baint aige le déanamh na gníomhaíochta sin iarmhairtí dlíthiúla ghníomh an duine sin a sheachaint;
- (b) fíorchineál na maoin, foinse, suíomh, bail, gluaiseacht nó úinéireacht na maoin nó aon cheart ina leith a cheilt nó a chur i mbréagríocht, i gcás inarb eol gur gnóthaíodh an mhaoin sin ó ghníomhaíocht choiriúil;
- (c) maoin a fháil, a shealbhú nó a úsáid, i gcás inarb eol, tráth a fála, gur gnóthaíodh an mhaoin sin ó ghníomhaíocht choiriúil.

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhfuil an t-iompar dá dtagraítear i mír 1 inphionóis mar chion coiriúil, i gcás ina raibh amhras ar an gciontóir, nó inar cheart gurbh eol don chiontóir, gur gnóthaíodh an mhaoin sin ó ghníomhaíocht choiriúil.

⁽¹⁾ Treoir 2014/62/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 ar chosaint an euro agus airgeadraí eile ar ghóchumadh tríd an dlí coiriúil, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2000/383/CGB ón gComhairle (IO L, 151 21.5.2014, lch. 1).

⁽²⁾ Treoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil (IO L 328, 6.12.2008, lch. 28).

⁽³⁾ Treoir 2009/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leasaítear Treoir 2005/35/CE maidir le truailliú ó longa agus maidir le pionóis ar sháruithe a thabhairt isteach (IO L 280, 27.10.2009, lch. 52).

⁽⁴⁾ Treoir 2014/57/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le smachtbhannaí coiriúla ar dhrochúsáid mhargaidh (an treoir maidir le drochúsáid mhargaidh) (IO L, 173 12.6.2014, lch. 179).

⁽⁵⁾ Treoir 2013/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Lúnasa 2013 maidir le hionsaithe ar chórais faisnéise agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2005/222/CGB ón gComhairle (IO L 218, 14.8.2013, lch. 8).

3. Déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun an méid seo a leanas a áirithiú:
- nach réamhriachtanas iad, sula bhféadfar duine a chiontú sna cionta dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2, ciontú roimhe sin nó ciontú comhuaineach sa ghníomhaíocht choiriúil ónar gnóthaíodh an mhaoin;
 - go bhféadfar duine a chiontú sna cionta dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 i gcás ina suitear gur gnóthaíodh an mhaoin ó ghníomhaíocht choiriúil, gan é a bheith riachtanach na gnéithe fíorasacha uile, ná na himthosca go léir a bhaineann leis an ghníomhaíocht choiriúil sin, a shuí, lena n-áirítear céannacht dhéantóir na gníomhaíochta sin;
 - go gcuimseofar, sna cionta dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2, maoin a gnóthaíodh ó iompar a tharla ar chríoch Ballstáit eile nó ar chríoch tríú tír, i gcás inar ghníomhaíocht choiriúil a bheadh san iompar ábhartha dá dtarlódh sé sa bhaile.
4. I gcás pointe (c) de mhír 3 den Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit a cheangal, freisin, gur cion coiriúil é an t-iompar ábhartha faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit eile sin nó faoi dhlí náisiúnta an tríú tír áit a ndearnadh an cion sin, ach amháin i gcás ina bhfuil an t-iompar sin ar cheann de na cionta dá dtagraítear i bpointí (a) go (e) agus (h) de phointe (1) d'Airteagal 2(1) agus mar a shainmhínítear i ndlí an Aontais is infheidhme.
5. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhfuil an t-iompar dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) de mhír 1 inphionóis mar chion coiriúil nuair a dhéanann daoine é a rinne an ghníomhaíocht choiriúil nó a ghlac páirt sa ghníomhaíocht choiriúil ónar gnóthaíodh an mhaoin.

Airteagal 4

Cabhrú agus neartú, gríosú agus iarracht a dhéanamh

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar pionós a ghearradh, i gcás ina gcabhraítear, ina neartaítear, nó ina ngríosáítear le cion dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus (5), nó ina ndéantar iarracht cion den sórt sin a dhéanamh.

Airteagal 5

Pionóis do dhaoine nádúrtha

- Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar pionóis choiriúla atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a ghearradh mar phionós i leith ciontaí dá dtagraítear in Airteagal 3 agus Airteagal 4.
- Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus (5) inphionóis trí théarma 4 bliana ar a laghad a ghearradh ina leith.
- Déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun a áirithiú go mbeidh daoine nádúrtha a bhfuil na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3 agus Airteagal 4 déanta acu faoi réir smachtbhannaí nó bearta breise, i gcás inar gá.

Airteagal 6

Cúinsí géaraitheacha

- Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, i dtaca leis na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus (5) agus Airteagal 4, go measfar na cúinsí seo a leanas a bheith ina gcúinsí géaraitheacha:
 - má rinneadh an cion faoi chuimsiú eagraíocht choiriúil de réir bhrí Chinneadh Réime 2008/841/CGB; nó
 - má tá ciontóir ina eintiteas faoi oibleagáid de réir bhrí Airteagal 2 de Threoir (AE) 2015/849 agus má rinne sé an cion i bhfeidhmiú a ghníomhaíochtaí gairmiúla.
- Féadfaidh na Ballstáit a fhoráil, i dtaca leis na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3(1), agus (5) agus Airteagal 4, go measfar na cúinsí seo a leanas a bheith ina gcúinsí géaraitheacha:
 - i gcás ina bhfuil luach suntasach ag baint leis an maoin sciúrtha, nó
 - i gcás inar gnóthaíodh an mhaoin sciúrtha mar thoradh ar cheann de na cionta dá dtagraítear i bpointí (e) go (h) de phointe (1) d'Airteagal 2.

Airteagal 7

Dlíteanas daoine dlítheanacha

- Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar daoine dlítheanacha a chur faoi dhlítheanas mar gheall ar cion ar bith dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus (5) agus Airteagal 4 i gcás ina ndearna aon duine, ag gníomhú dó ina aonar nó mar chuid de chomhlacht de chuid an duine dhlítheanaigh, agus a bhfuil post ceannaireachta aige laistigh den duine dlítheanach, ina ndearna sé an cion chun a dtairbhe, bunaithe ar aon cheann de na nithe seo a leanas:
 - cumhacht chun ionadaíocht a dhéanamh don duine dlítheanach;

- (b) údarás chun cinntí a dhéanamh thar ceann an duine dhlítheanaigh; nó
- (c) údarás chun rialú a fheidhmiú laistigh den duine dlítheanach.

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas i gcás inarbh fhéidir le duine faoi údarás an duine dhlítheanaigh aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus (5) agus Airteagal 4 a dhéanamh chun tairbhe an duine dhlítheanaigh sin mar thoradh ar easpa maoirseachta nó rialaithe ag duine dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

3. Ní choiscfidh dliteanas daoine dlítheanacha faoi mhír 1 agus mír 2 den Airteagal seo imeachtaí coiriúla ó bheith tionscanta in aghaidh daoine nádúrtha a ghríosaíonn déanamh aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus (5) agus Airteagal 4, a dhéanann ceann ar bith díobh nó atá ina gcúlpháirtithe i gceann ar bith díobh.

Airteagal 8

Smachtbhannaí do dhaoine dlítheanacha

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh duine dlítheanach atá faoi dhliteanas mar gheall ar chionta de bhun Airteagal 7 inphionóis le smachtbhannaí atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, lena n-áirítear fineálacha coiriúla nó neamhchoiriúla agus d'fhéadfadh sé go n-áireofaí smachtbhannaí eile leo, amhail:

- (a) eisiamh an duine dhlítheanaigh sin ó theidliocht i leith sochair phoiblí nó cúnaimh poiblí;
- (b) eisiamh sealadach nó buan ó rochtain ar mhaoiniú poiblí, lena n-áirítear nósanna imeachta tairisceana, deontais agus lamháltais;
- (c) dícháiliú sealadach nó buan an duine dhlítheanaigh sin ó ghníomhaíochtaí tráchtála a fheidhmiú;
- (d) cur faoi mhaoirseacht bhreithiúnach;
- (e) ordú foirceanta breithiúnach;
- (f) dúnadh sealadach nó buan gnólachtaí ar baineadh úsáid astu chun an cion a dhéanamh.

Airteagal 9

Coigistiú

Déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun a áirithiú go ndéanfaidh a n-údaráis inniúla na fáltais a fhaightear as aon cheann de na cionta dá dtagraítear sa Treoir seo agus na hionstraimeachtaí a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid chun aon cheann de na cionta dá dtagraítear sa Treoir seo a dhéanamh nó chun cuidiú lena dhéanamh, a chalcadh nó a choigistiú, de réir mar is iomchuí, i gcomhréir le Treoir 2014/42/AE.

Airteagal 10

Dlínse

1. Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a dhlínse féin a bhunú ar na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3 agus Airteagal 4 sna cásanna seo a leanas:

- (a) má rinneadh an cion go hiomlán nó go páirteach ar chríoch an Bhallstáit;
- (b) má tá an ciontóir ina náisiúnach den Bhallstát.

2. Tabharfaidh Ballstát eolas don Choimisiún i gcás ina gcinneann sé a dhlínse a leathnú ar na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3 agus Airteagal 4 a rinneadh lasmuigh dá chríoch, sna cásanna seo a leanas:

- (a) má tá gnáthchónaí ar an gciontóir ina chríoch;
- (b) má rinneadh an cion chun tairbhe duine dhlítheanaigh atá bunaithe ina chríoch.

3. I gcás ina mbainfidh cion dá dtagraítear in Airteagal 3 agus Airteagal 4 le dlínse Ballstáit amháin nó níos mó, agus i gcás ina bhféadfaidh aon cheann de na Ballstáit lena mbaineann ionchúiseamh a dhéanamh go bailí ar bhonn na bhfíoras céanna, comhoibreoidh na Ballstáit lena mbaineann chun a chinneadh cé acu a dhéanfaidh na ciontóirí a ionchúiseamh agus é mar aidhm, más féidir, imeachtaí a lárú in aon Bhallstát amháin.

Tabharfar aird ar an méid seo a leanas:

- (a) críoch an Bhallstáit ina ndearnadh an cion;
- (b) náisiúntacht nó áit chónaithe an chiontóir;
- (c) tír thionscnaimh an íospartaigh nó na n-íospartach; agus
- (d) an chríoch inar aimsíodh an ciontóir.

Déanfar an t-ábhar a chur faoi bhráid *Eurojust*, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir le hAirteagal 12 de Chinneadh Réime 2009/9484/JHA.

*Airteagal 11***Uirlisí imscrúdaitheacha**

Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh fáil ag na daoine, na haonaid nó na seirbhísí atá freagrach as na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus (5) Airteagal agus Airteagal 4 a imscrúdú nó a ionchúiseamh ar uirlisí imscrúdaitheacha éifeachtacha, amhail iad sin a úsáidtear chun an choireacht eagraithe nó coireanna tromchúiseanna eile a chomhrac.

*Airteagal 12***Treoir a chur in ionad Chinneadh Réime 2001/500/CGB**

Cuirtear an Treoir seo in ionad phointe (b) d'Airteagal 1 agus Airteagal 2 de Threoir Réime 2001/500/CGB maidir leis na Ballstáit a bhfuil an Treoir seo ina ceangal orthu, gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát sin maidir leis an dáta chun an Treoir Réime sin a thrasú sa dlí náisiúnta.

Maidir leis na Ballstáit a bhfuil an Treoir seo ina ceangal orthu, déanfar tagairtí do na forálacha de Chinneadh Réime 2001/500/CGB dá dtagraítear sa chéad mhír a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo.

*Airteagal 13***Trasú**

1. Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin 3 Nollaig 2020. Cuirfidh siad an méid sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a leagfaidh síos an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 14***Tuairisciú**

Cuirfidh an Coimisiún, faoin 3 Nollaig 2022, tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar measúnú ar a mhéid a rinne na Ballstáit na bearta is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh.

Cuirfidh an Coimisiún, faoin 3 Nollaig 2023, tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar measúnú ar bhreisluach na Treorach seo maidir le sciúradh airgid a chomhrac chomh maith lena thionchar ar chearta agus saoirsí bunúsacha. Ar bhonn na tuarascála sin, déanfaidh an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh chun an Treoir seo a leasú, más gá. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh an fhaisnéis arna soláthar ag na Ballstáit.

*Airteagal 15***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 16***Seolaithe**

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 23 Deireadh Fómhair 2018.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. EDTSTADLER

CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2018/1674 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Deireadh Fómhair 2018

lena leasaítear Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle maidir le coibhéis cigireachtaí allamuigh arna ndéanamh i bPoblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle ar bharrá táirgthe síolta plandaí farae agus ar bharrá táirgthe síolta gránach agus maidir le coibhéis síol plandaí farae agus síol gránach arna dtáirgeadh i bPoblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, agus maidir le coibhéis cigireachtaí allamuigh arna ndéanamh i bPoblacht na Moldóive ar bharrá táirgthe síolta gránach, barra táirgthe síolta glasraí, agus barra táirgthe síolta plandaí ola agus plandaí snáithín agus maidir le coibhéis síol gránach, síol glasraí agus síol plandaí ola agus plandaí snáithín arna dtáirgeadh i bPoblacht na Moldóive

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Foráiltear le Cinneadh 2003/17/CE ⁽³⁾ ón gComhairle go ndéantar, faoi imthosca áirithe, cigireachtaí allamuigh arna ndéanamh ar bharrá áirithe táirgthe síolta sna tríú tíortha a liostaítear a mheas mar chigireachtaí is coibhéiseach leo siúd arna ndéanamh i gcomhréir le dlí an Aontais agus go ndéantar, faoi imthosca áirithe, an síol arna tháirgeadh ag speicis áirithe plandaí farae, plandaí gránach, plandaí biatais, maille le síol arna tháirgeadh ag plandaí ola agus plandaí snáithín, arna dtáirgeadh sna tíortha sin, a mheas mar shíol is coibhéiseach le síol arna tháirgeadh i gcomhréir le dlí an Aontais.
- (2) Tá iarratas curtha ag Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle (“an Bhrasaíl”) faoi bhráid an Choimisiúin go ndeonófaí coibhéis do chóras cigireachta allamuigh na tíre i dtaca le barra táirgthe síolta plandaí farae agus le barra táirgthe síolta gránach, agus coibhéis do shíol plandaí farae agus do shíol gránach arna dtáirgeadh agus arna ndeimhniú sa Bhrasaíl.
- (3) Scrúdaigh an Coimisiún an chuid sin de reachtaíocht na Brasaíle lena mbaineann agus, bunaithe ar iniúchadh a rinneadh in 2016 ar chóras na rialuithe oifigiúla agus an deimhnithe is infheidhme do shíol plandaí farae agus do shíol gránach sa Bhrasaíl, agus ar choibhéis na reachtaíochta sin le ceanglais an Aontais, d’fhoilsigh sé na torthaí i dtuarascáil dar teideal “An tuarascáil chríochnaitheach maidir leis an iniúchadh a rinneadh sa Bhrasaíl idir 11 Aibreán 2016 agus 19 Aibreán 2016 d’fhonn córas na rialuithe oifigiúla agus an deimhnithe ar shíolta, mar aon lena choibhéis le ceanglais an Aontais Eorpaigh, a mheasúnú”.
- (4) D’aithle an iniúchta sin, cinntear go ndéantar go hionchuí cigireachtaí allamuigh ar bharrá táirgthe síolta, mar aon le sampláil, tástáil agus iar-rialú oifigiúil ar shíol plandaí farae agus ar shíol gránach, agus go sásaíonn an méid sin na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2003/17/CE mar aon leis na ceanglais ábhartha a leagtar amach i dTreoir 66/401/CEE ⁽⁴⁾ agus Treoir 66/402/CEE ⁽⁵⁾ ón gComhairle. Thairis sin, táthar tar éis a chinneadh go bhfuil na húdaráis náisiúnta atá freagrach as an deimhniú síolta a chur chun feidhme sa Bhrasaíl inniúil agus ag cuí-feidhmiú.

⁽¹⁾ IO C 227, 28.6.2018, lch. 76.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Meán Fómhair 2018 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2018.

⁽³⁾ Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le coibhéis chigireachtaí allamuigh arna ndéanamh i dtríú tíortha ar bharrá táirgthe síolta agus maidir le coibhéis síolta arna dtáirgeadh i dtríú tíortha (IO L 8, 14.1.2003, lch. 10).

⁽⁴⁾ Treoir 66/401/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le síol plandaí farae a mhargú (IO 125, 11.7.1966, lch. 2298/66).

⁽⁵⁾ Treoir 66/402/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le síol gránach a mhargú (IO 125, 11.7.1966, lch. 2309/66).

- (5) Tá iarratas curtha ag Poblacht na Moldóive faoi bhráid an Choimisiúin go ndeónófaí coibhéis do chóras cigireachta allamuigh na tíre i dtaca le barra táirgthe síolta gránach, le barra táirgthe síolta glasraí agus le barra táirgthe síolta plandaí ola agus plandaí snáithín, agus coibhéis do shíol gránach, do shíol glasraí agus do shíol plandaí ola agus plandaí snáithín arna dtáirgeadh agus arna ndeimhniú i bPoblacht na Moldóive.
- (6) Scrúdaigh an Coimisiún an chuid sin de reachtaíocht Phoblacht na Moldóive lena mbaineann agus, bunaithe ar an iniúchadh a rinneadh in 2016 ar chóras na rialuithe oifigiúla agus an deimhnithe is infheidhme do shíol gránach, do shíol glasraí agus do shíol plandaí ola agus plandaí snáithín i bPoblacht na Moldóive, agus ar choibhéis na reachtaíochta sin le ceanglais an Aontais, d'fhoilsigh sé na torthaí i dtuarascáil dar teideal "An tuarascáil chríochnaitheach maidir leis an iniúchadh a rinneadh i bPoblacht na Moldóive idir 14 Meitheamh agus 21 Meitheamh 2016 d'fhonn córas na rialuithe oifigiúla agus an deimhnithe ar shíolta, mar aon lena choibhéis le ceanglais an Aontais Eorpaigh, a mheasúnú".
- (7) D'aithle an iniúchta sin, cinntear go ndéantar go hiomchuí cigireachtaí allamuigh ar bharrá táirgthe síolta, mar aon le sampláil, tástáil agus iar-rialú oifigiúil ar shíol gránach, ar shíol glasraí agus ar shíol plandaí ola agus plandaí snáithín, agus go sásaíonn an méid sin na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2003/17/CE mar aon leis na ceanglais ábhartha a leagtar amach i dTreoir 66/402/CEE, Treoir 2002/55/CE ⁽¹⁾ agus Treoir 2002/57/CE ⁽²⁾ ón gComhairle. Thairis sin, táthar tar éis a chinneadh go bhfuil na húdaráis náisiúnta atá freagrach as an deimhniú síolta a chur chun feidhme i bPoblacht na Moldóive inniúil agus ag cuí-fheidhmiú.
- (8) Dá bhrí sin, is iomchuí coibhéis a dheonú maidir le cigireachtaí allamuigh arna ndéanamh i ndáil le barra táirgthe síolta plandaí farae agus le barra táirgthe síolta gránach sa Bhrasaíl, agus maidir le síol plandaí farae agus síol gránach arna tháirgeadh sa Bhrasaíl agus arna dheimhniú go hoifigiúil ag údaráis dá cuid.
- (9) Is iomchuí freisin coibhéis a dheonú maidir le cigireachtaí allamuigh arna ndéanamh i ndáil le barra táirgthe síolta plandaí farae, le barra táirgthe síolta glasraí agus le barra táirgthe síolta plandaí ola agus plandaí snáithín i bPoblacht na Moldóive, agus maidir le síol gránach, síol glasraí agus síol plandaí ola agus plandaí snáithín arna dtáirgeadh i bPoblacht na Moldóive agus arna ndeimhniú go hoifigiúil ag údaráis dá cuid.
- (10) Tá éileamh san Aontas ar shíol glasraí a allmhairiú ó thríú tíortha, lena n-áirítear Poblacht na Moldóive. Dá bhrí sin, ba cheart go gcumhdófaí leis an gCinneadh 2003/17/CE síol glasraí arna dheimhniú go hoifigiúil, dá dtagraítear i dTreoir 2002/55/CE ón gComhairle, d'fhonn an t-éileamh atá ar shíol as Poblacht na Moldóive, agus a bheidh ar shíol as tríú tíortha eile amach anseo, a shásamh.
- (11) Ag cur san áireamh na rialacha sin de chuid an Chomhlachais Idirnáisiúnta um Thástáil Síolta (ISTA) is infheidhme, is iomchuí go ndéanfadh an tríú tír a bheidh i gceist ráiteas oifigiúil go ndearnadh síol a shampláil agus a thástáil i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach sna Rialacha Idirnáisiúnta um Thástáil Síolta ("Rialacha ISTA") i dtaca le Deimhnithe Idirnáisiúnta do Luchtóga Síolta (Dath Oráiste), agus go mbeadh deimhniú den chineál sin ag gabháil le gach luchtóg síolta.
- (12) I dtaca leis an *Derogatory experiment on seed sampling and seed analysis* (Turgnamh maolaithe ar shíolsampláil agus ar shíolanailís) a leagtar amach in Iarscríbhinn V(A) a ghabhann leis an gCinneadh a ghlac Comhairle na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) an 28 Meán Fómhair 2000 maidir le Scéimeanna ECFE maidir le Deimhniú Cineáil ar Shíolta a bhíonn ag gluaiseacht sa Trádáil Idirnáisiúnta, ó tharla an turgnamh sin dultha in éag, is ceart gach tagairt di a scriosadh.
- (13) Is ceart gach tagairt a dhéantar don Chróit mar thríú tír a scriosadh ó tháinig an tír sin ina Ballstát de chuid an Aontais in 2013.
- (14) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2003/17/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Chinneadh 2003/17/CE

Leasaítear Cinneadh 2003/17/CE mar seo a leanas:

- (1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

"Cigireachtaí allamuigh a dhéanfar ar bharrá táirgthe síolta de chuid na speiceas a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo, a dhéanfar sna tríú tíortha a liostaítear san Iarscríbhinn sin, measfar iad a bheith coibhéiseach le cigireachtaí arna ndéanamh i gcomhréir le Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 2002/54/CE, agus 2002/57/CE agus Treoir 2002/55/CE ón gComhairle (*) ar choinníoll gur fíor a leanas ina dtaobh:";

(*) Treoir 2002/55/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le margáíocht síolta glasraí (IO L 193, 20.7.2002, lch. 33).";

(1) Treoir 2002/55/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síol glasraí a mhargú (IO L 193, 20.7.2002, lch. 33).

(2) Treoir 2002/57/CE an 13 Meitheamh 2002 maidir le síol plandaí ola agus plandaí snáithín a mhargú (IO L 193, 20.7.2002, lch. 74).

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

“Airteagal 2

I dtaca le síolta na speiceas sin a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo, arna dtáirgeadh i dtríú tíortha a liostaítear san Iarscríbhinn sin agus arna ndeimhniú go hoifigiúil ag na húdaráis a liostaítear san Iarscríbhinn chéanna, measfar iad a bheith coibhéiseach le síolta a shásaíonn Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 2002/54/CE, 2002/55/CE agus 2002/57/CE, ach na coinníollacha a leagtar síos i bpointe B d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo a shásamh.”;

(3) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

“1. I gcás ina ndéantar ‘athlipéadú agus athcheangal’ ar shíol coibhéiseach sa Chomhphobal, de réir bhrí Scéimeanna ECFE maidir le Deimhniú Cineáil ar Shíolta a bhíonn ag gluaiseacht sa Trádáil Idirnáisiúnta, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na forálacha atá i dTreoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 2002/54/CE, 2002/55/CE agus 2002/57/CE maidir le pacáistí arna dtáirgeadh sa Chomhphobal a athdhúnadh.

Beidh an chéad fhomhír gan dochar do na rialacha sin de chuid OECD is infheidhme i leith oibríochtaí den chineál sin.”;

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) maidir le pacáistí beaga CE de réir bhrí Threoir 66/401/CEE, Treoir 2002/54/CE nó Treoir 2002/55/CE.”;

(4) déantar na hIarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh 2003/17/CE a leasú i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Seolaithe

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 23 Deireadh Fómhair 2018.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. EDTSTADLER

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh 2003/17/CE mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) sa tábla, cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas in ord aibíte:

“BR	Ministry of Agriculture, Livestock and Food Supply	66/401/CEE
	Esplanada dos Ministérios, bloco D 70.043-900 Brasilia-DF	66/402/CEE”
“MD	National Agency for Food Safety (ANSA)	66/402/CEE
	str. Mihail Kogălniceanu 63,	2002/55/CE
	MD-2009, Chisinau	2002/57/CE”

(b) san fhonóta a ghabhann leis an tábla dá dtagraítear i bpointe (a), cuirtear isteach na téarmaí seo a leanas in ord aibíte: “BR — An Bhrasaíl”, “MD — Poblacht na Moldóive”;

(c) san fhonóta a ghabhann leis an tábla, scriostar an téarma “HR — An Chróit”;

(2) leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) cuirtear an fhleasc seo a leanas le pointe A, mír 1:

“— síol glasraí, i gcás na speiceas dá dtagraítear i dTreoir 2002/55/CE.”;

(b) leasaítear pointe B mar a leanas:

(i) cuirtear an abairt seo a leanas isteach sa chéad fhomhír de mhír 1:

“— síol glasraí, i gcás na speiceas dá dtagraítear i dTreoir 2002/55/CE.”;

(ii) i mír 2.1, cuirtear isteach an fhleasc seo a leanas tar éis na tríú fleisce:

“— Treoir 2002/55/CE, Iarscríbhinn II.”;

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2.2:

“2.2 Chun críche an scrúdaithe lena seiceálfar cé acu ar comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach i mír 2, déanfar samplaí a ghlacadh go hoifigiúil nó faoi mhaoirseacht oifigiúil i gcomhréir le Rialacha ISTA, agus beidh meáchan na samplaí sin i gcomhréir leis an meáchan a shonraítear faoi chuimsiú modhanna den sórt sin, agus na meáchain a shonraítear sna Treoracha seo a leanas á gcur san áireamh:

— Treoir 66/401/CEE, Iarscríbhinn III, colún 3 agus colún 4,

— Treoir 66/402/CEE, Iarscríbhinn III, colún 3 agus colún 4,

— Treoir 2002/54/CE, Iarscríbhinn II, an dara líne,

— Treoir 2002/55/CE, Iarscríbhinn III,

— Treoir 2002/57/CE, Iarscríbhinn III, colún 3 agus colún 4.”;

(iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2.3:

“2.3 Déanfar an scrúdú sin go hoifigiúil nó faoi mhaoirseacht oifigiúil i gcomhréir le Rialacha ISTA.”;

(v) scriostar mír 2.4;

(vi) i mír 3.1, cuirtear an méid a leanas in ionad an dara fleasc:

“— ráiteas á rá go ndearnadh an síol a shampláil agus a thástáil i gcomhréir leis na modhanna idirnáisiúnta reatha: ‘Arna sampláil agus arna n-anailísiú i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach sna Rialacha Idirnáisiúnta um Thástáil Síolta i dtaca le Deimhnithe Idirnáisiúnta do Luchtóga Síolta (Dath Oráiste), ag ..., (ainm nó cód an chomhalta de chuid an stáisiúin síoltástála de chuid ISTA)’;”;

(vii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Ag gabháil leis na síolta, beidh Deimhniú Idirnáisiúnta do Luchtóga Síolta (Dath Oráiste) ar a mbeidh faisnéis i dtaca leis na coinníollacha a luaitear i mír 2.”.

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

CINNÍ

CINNEADH (AE) 2018/1675 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 2 Deireadh Fómhair 2018

maidir le leas a bhaint as an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú tar éis iarratas ón Ísiltír — EGF/2018/001 NL/Gníomhaíochtaí seirbhísí airgeadais

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 15(4) de,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar i gcúrsaí buiséid agus le bainistíocht fhónta airgeadais ⁽²⁾, agus go háirithe pointe 13 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Is é an aidhm atá leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CECD) tacaíocht a thabhairt d'oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i ngeall ar mhóráthruithe struchtúracha ar phatrúin na trádála domhanda de thoradh an domhandaithe nó mar gur lean an ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíochta ar aghaidh nó i ngeall ar ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíochta nua, agus cabhrú le hath-imeascadh na n-oibrithe sin sa mhargadh saothair.
- (2) Ní sháróidh CECD uasmhéid bliantúil EUR 150 milliún (praghsanna 2011), mar a leagtar síos in Airteagal 12 de Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle ⁽³⁾.
- (3) Ar an 23 Feabhra 2018, chuir an Ísiltír iarratas isteach chun leas a bhaint as CECD i dtaca le hiomarcaíochtaí in 20 fiontar a fheidhmíonn in éarnáil na seirbhísí airgeadais sna réigiúin seo a leanas: Friesland, Drenthe agus Overijssel san Ísiltír. Mar fhorlíonadh ar an iarratas sin, bhí faisnéis bhreise a soláthraíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013. Comhlíontar san iarratas sin na ceanglais le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CECD a shocrú, mar a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013.
- (4) Dá bhrí sin, ba cheart CECD a úsáid chun ranníocaíocht airgeadais EUR 1 192 500 a sholáthar i leith an iarratais a chuir an Ísiltír ar fáil.
- (5) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an am a thógfar chun úsáid a bhaint as CECD, ba cheart feidhm a bheith ag an gcinneadh sin ó dháta a ghlactha,

⁽¹⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 855.

⁽²⁾ IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.

⁽³⁾ Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Le haghaidh bhuiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2018, bainfear úsáid as an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú chun méid EUR 1 192 500 a sholáthar i leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus i leithreasuithe íocaíochta.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm aige ón 2 Deireadh Fómhair 2018.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 2 Deireadh Fómhair 2018.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J. BOGNER-STRAUSS

CEARTÚCHÁIN

Ceartúchán ar Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosáí (Cód Víosáí)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 243 Eagrán Speisialta Gaeilge an 15 Meán Fómhair 2009)

Ar leathanach 11, Airteagal 19(2), an dara habairt:

in ionad:

“I gcomhréir le hAirteagal 6(1), le hAirteagal 7 agus le hAirteagal 9(5) agus (6) den Rialachán VIS, is daoine cuí-údaraithe den fhoireann chonsalach, agus na daoine sin amháin, a iontrálfaidh sonraí sa VIS.”,

léitear:

“I gcomhréir le mír 1 d’Airteagal 6, le hAirteagal 7 agus le pointí (5) agus (6) d’Airteagal 9 den Rialachán VIS, is daoine cuí-údaraithe den fhoireann chonsalach, agus na daoine sin amháin, a iontrálfaidh sonraí sa VIS.”.

Ar leathanach 23, Airteagal 54, pointe (3)(b), na focail réamhráiteacha:

in ionad:

“(b) Leasaítear mír 4 mar a leanas:”,

léitear:

“(b) leasaítear pointe (4) mar a leanas:”.

Ceartúchán ar Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir Bhallstáit (Rialachán VIS)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 218 Eagrán Speisialta Gaeilge an 13 Lúnasa 2008)

Ar leathanaigh 64 agus 65, Airteagal 5(1):

in ionad:

“1. Is iad na catagóirí sonraí seo a leanas amháin a thaifeadfar sa VIS:

- (a) sonraí alfa-uimhriúla maidir leis an iarratasóir agus maidir leis na víosaí a iarradh, a eisíodh, a diúltaíodh, a neamhníodh, a cúlghaireadh nó a fadaíodh dá dtagraítear in Airteagal 9(1) go (4) agus in Airteagail 10 go 14;
- (b) grianghraif dá dtagraítear in Airteagal 9(5);
- (c) sonraí méarloirg dá dtagraítear in Airteagal 9(6);
- (d) naisc le hiarratais eile dá dtagraítear in Airteagal 8(3) agus (4).”.

léitear:

“1. Ní dhéanfar ach na catagóirí sonraí seo a leanas a thaifeadh in VIS:

- (a) sonraí alfa-uimhriúla maidir leis an iarratasóir agus maidir leis na víosaí a iarradh, a eisíodh, a diúltaíodh, a neamhníodh, a cúlghaireadh nó a fadaíodh dá dtagraítear i bpointí (1) go (4) d’Airteagal 9 agus in Airteagail 10 go 14;
- (b) grianghraif dá dtagraítear i bpointe (5) d’Airteagal 9;
- (c) sonraí méarloirg dá dtagraítear i bpointe (6) d’Airteagal 9;
- (d) naisc le hiarratais eile dá dtagraítear in Airteagal 8(3) agus (4).”.

Ar leathanach 68, pointí (b), (c) agus (d) d’Airteagal 15(2):

in ionad:

“(b) na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(a);

(c) na sonraí ar an doiciméad taistil, dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(c);

(d) sloinne, céadainm agus seoladh an duine nádúrtha nó ainm agus seoladh na cuideachta nó na heagraíochta eile, dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(f);”.

léitear:

“(b) na sonraí dá dtagraítear i bpointe (a) de phointe (4) d’Airteagal 9;

(c) na sonraí ar an doiciméad taistil, dá dtagraítear i bpointe (c) de phointe (4) d’Airteagal 9;

(d) sloinne, céadainm agus seoladh an duine nádúrtha nó ainm agus seoladh na cuideachta nó na heagraíochta eile, dá dtagraítear i bpointe (f) de phointe (4) d’Airteagal 9;”.

Ar leathanach 69, pointí (12), (13) agus (14) d’Airteagal 17:

in ionad:

“12) na cásanna nárbh fhéidir na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(6) a sholáthar go fíorasach i gcomhréir leis an dara habairt d’Airteagal 8(5);

13) na cásanna nár ghá na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(6) a sholáthar ar chúiseanna dlíthiúla i gcomhréir leis an dara habairt d’Airteagal 8(5);

14) na cásanna inar diúltaíodh víosa do dhuine, i gcomhréir leis an dara habairt d’Airteagal 8(5), nach raibh in ann na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(6) a sholáthar go fíorasach.”.

léitear:

“12) na cásanna nárbh fhéidir na sonraí dá dtagraítear i bpointe (6) d’Airteagal 9 a sholáthar go fíorasach, i gcomhréir leis an dara habairt d’Airteagal 8(5);

13) na cásanna nár ghá na sonraí dá dtagraítear i bpointe (6) d’Airteagal 9 a sholáthar ar chúiseanna dlíthiúla, i gcomhréir leis an dara habairt d’Airteagal 8(5);

14) na cásanna inar diúltaíodh víosa do dhuine, i gcomhréir leis an dara habairt d'Airteagal 8(5), nach raibh in ann na sonraí dá dtagraítear i bpointe (6) d'Airteagal 9 a sholáthar go fórasach.”.

Ar leathanach 69, Airteagal 18(4), an chuid réamhráiteach:

in ionad:

“4. Má léirítear leis an gcuardach a dhéantar leis na sonraí atá liostaithe i mír 1 go bhfuil sonraí maidir le sealbhóir an víosa taifeadta sa VIS, tabharfar rochtain don údarás inniúil um rialú teorainneacha ar na sonraí seo a leanas, d'fhonn iad a cheadú, sa chomhad iarratais agus i gcomhad nó i gcomhaid iarratais a bheidh nasctha leis, de bhun Airteagal 8(4), chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1 agus chun na gcríoch sin amháin.”.

léitear:

“4. Má léirítear leis an gcuardach a dhéantar leis na sonraí atá liostaithe i mír 1 go bhfuil sonraí maidir le sealbhóir an víosa taifeadta sa VIS, tabharfar rochtain don údarás inniúil um rialú teorainneacha chun na sonraí seo a leanas den chomhad agus de chomhad nó de chomhaid iarratais a bheidh nasctha leis de bhun Airteagal 8(4) a cheadú, chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1 agus chun na gcríoch sin amháin.”.

Ar leathanach 70, tús Airteagal 19(2):

in ionad:

“2. Má léirítear leis an gcuardach a dhéantar leis na sonraí atá liostaithe i mír 1 go bhfuil sonraí maidir le sealbhóir an víosa taifeadta sa VIS, tabharfar rochtain don údarás inniúil ar na sonraí seo a leanas, d'fhonn iad a cheadú, sa chomhad iarratais agus i gcomhad nó i gcomhaid iarratais nasctha de bhun Airteagal 8(4), chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1 amháin:

(a) an fhaisnéis maidir le stádas agus na sonraí ón bhfoirm iarratais, dá dtagraítear in Airteagal 9(2) agus (4);”.

léitear:

“2. Má léirítear leis an gcuardach a dhéantar leis na sonraí atá liostaithe i mír 1 go bhfuil sonraí maidir le sealbhóir an víosa taifeadta sa VIS, tabharfar rochtain don údarás inniúil chun na sonraí seo a leanas den chomhad iarratais agus de chomhad nó de chomhaid iarratais nasctha de bhun Airteagal 8(4) a cheadú, chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1 amháin:

(a) an fhaisnéis maidir le stádas agus na sonraí ón bhfoirm iarratais, dá dtagraítear i bpointí (2) agus (4) d'Airteagal 9;”.

Ar leathanach 70, an dara fómhír d'Airteagal 20(1):

in ionad:

“I gcás nach féidir méarloirg an duine sin a úsáid nó go dteipfidh ar an gcuardach leis na méarloirg, déanfar an cuardach trí bhíthin na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(a) agus/nó (c); féadfar an cuardach seo a dhéanamh i dteannta na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(b).”.

léitear:

“I gcás nach féidir méarloirg an duine sin a úsáid nó go dteipfidh ar an gcuardach leis na méarloirg, déanfar an cuardach trí bhíthin na sonraí dá dtagraítear i bpointí (a) agus/nó (c) de phointe (4) d'Airteagal 9; féadfar an cuardach seo a dhéanamh i dteannta na sonraí dá dtagraítear i bpointe (b) de phointe (4) d'Airteagal 9.”.

Leathanach 70, Airteagal 20(2), an chuid réamhráiteach:

in ionad:

“2. Má léirítear leis an gcuardach a dhéantar leis na sonraí atá liostaithe i mír 1 go bhfuil sonraí maidir le sealbhóir an víosa taifeadta sa VIS, tabharfar rochtain don údarás inniúil ar na sonraí seo a leanas, d'fhonn iad a cheadú, sa chomhad iarratais agus i gcomhad nó i gcomhaid iarratais nasctha de bhun Airteagal 8(4), chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1 amháin.”.

léitear:

“2. Má léirítear leis an gcuardach a dhéantar leis na sonraí atá liostaithe i mír 1 go bhfuil sonraí maidir leis an iarratasóir taifeadta sa VIS, tabharfar rochtain don údarás inniúil chun na sonraí seo a leanas den chomhad iarratais agus de chomhad nó de chomhaid iarratais nasctha de bhun Airteagal 8(3) agus (4) a cheadú, chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1 amháin.”.

Leathanach 70, pointe (b) d'Airteagal 20(2):

in ionad:

“(b) na sonraí a tógadh ón bhfoirm iarratais, dá dtagraítear in Airteagal 9(4);”,

léitear:

“(b) na sonraí a tógadh ón bhfoirm iarratais, dá dtagraítear i bpointe (4) d'Airteagal 9;”.

Ar leathanaigh 70 agus 71, Airteagal 21:

in ionad:

“Airteagal 21

Rochtain ar shonraí chun freagracht as iarratais ar thearmann a chinneadh

1. Chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an mBallstát atá freagrach as iarratas ar thearmann a scrúdú de réir Airteagal 9 agus Airteagal 21 de Rialachán (CE) Uimh. 343/2003, agus chun na críche sin amháin, beidh rochtain ag na húdaráis inniúla tearmainn chun cuardach a dhéanamh trí bhithin mhéarloirg an iarrthóra tearmainn.

I gcás nach féidir méarloirg an duine sin a úsáid nó go dteipfidh ar an gcuardach leis na méarloirg, déanfar an cuardach leis na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(a) agus/nó (c); féadfar an cuardach seo a dhéanamh i dteannta na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(b).

2. Má léiríonn an cuardach a dhéantar leis na sonraí atá liostaithe i mír 1 go bhfuil víosa a eisíodh le dáta éaga nach mó ná sé mhí roimh dháta an iarratais ar thearmann, agus/nó go bhfuil víosa fadaithe go dtí dáta éaga nach mó ná sé mhí roimh dháta an iarratais ar thearmann, taifeadta sa VIS, tabharfar rochtain don údarás inniúil tearmainn ar na sonraí seo a leanas, d'fhonn iad a cheadú, sa chomhad iarratais agus ar na sonraí atá liostaithe i bpointe (g) i dtaca leis an gcéile agus leis na leanaí, de bhun Airteagal 8(4), chun na críche dá dtagraítear i mír 1 amháin:

(a) uimhir an iarratais agus an t-údarás a d'eisigh nó a d'fhadaigh an víosa, agus cibé ar eisigh an t-údarás é thar ceann Ballstáit eile;

(b) na sonraí a tógadh ón bhfoirm iarratais, dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(a) agus (b);

(c) an cineál víosa;

(d) tréimhse bailíochta an víosa;

(e) fad na fanachta atá beartaithe;

(f) grianghraif;

(g) na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(a) agus (b) sa chomhad iarratais nó sna comhaid iarratais nasctha i dtaca leis an gcéile agus leis na leanaí.

3. Is iad na húdaráis ainmnithe náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 21(6) de Rialachán (CE) Uimh. 343/2003 agus iadsan amháin a dhéanfaidh an VIS a cheadú de bhun mhír 1 agus mhír 2 den Airteagal seo.”.

léitear:

“Airteagal 21

Rochtain ar shonraí chun freagracht as iarratais ar thearmann a chinneadh

1. Chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an mBallstát atá freagrach as iarratas ar thearmann a scrúdú de réir Airteagal 9 agus Airteagal 21 de Rialachán (CE) Uimh. 343/2003, agus chun na críche sin amháin, beidh rochtain ag na húdaráis inniúla tearmainn chun cuardach a dhéanamh trí bhithin mhéarloirg an iarrthóra tearmainn.

I gcás nach féidir méarloirg an duine sin a úsáid nó go dteipfidh ar an gcuardach leis na méarloirg, déanfar an cuardach leis na sonraí dá dtagraítear i bpointí (a) agus/nó (c) de phointe (4) d'Airteagal 9; féadfar an cuardach seo a dhéanamh i dteannta na sonraí dá dtagraítear i bpointe (b) de phointe (4) d'Airteagal 9.

2. Má léiríonn an cuardach a dhéantar leis na sonraí atá liostaithe i mír 1 go bhfuil víosa a eisíodh le dáta éaga nach mó ná sé mhí roimh dháta an iarratais ar thearmann, agus/nó go bhfuil víosa fadaithe go dtí dáta éaga nach mó ná sé mhí roimh dháta an iarratais ar thearmann, taifeadta sa VIS, tabharfar rochtain don údarás inniúil tearmainn chun na sonraí seo a leanas den chomhad iarratais agus na sonraí atá liostaithe i bpointe (g) i dtaca leis an gcéile agus leis na leanaí a cheadú de bhun Airteagal 8(4), chun na críche dá dtagraítear i mír 1 amháin:

- (a) uimhir an iarratais agus an t-údarás a d'eisigh nó a d'fhadaigh an víosa, agus cibé ar eisigh an t-údarás é thar ceann Ballstáit eile;
- (b) na sonraí a tógadh ón bhfoirm iarratais, dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) de phointe (4) d'Airteagal 9;
- (c) an cineál víosa;
- (d) tréimhse bailíochta an víosa;
- (e) fad na fanachta atá beartaithe;
- (f) grianghraif;
- (g) na sonraí dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) de phointe (4) d'Airteagal 9 den chomhad nó de na comhaid iarratais nasctha i dtaca leis an gcéile agus leis na leanaí.

3. Is iad na húdaráis ainmnithe náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 21(6) de Rialachán (CE) Uimh. 343/2003 agus iadsan amháin a dhéanfaidh an VIS a cheadú de bhun mhír 1 agus mhír 2 den Airteagal seo.”.

Ar leathanach 71, an dara fomhír d'Airteagal 22(1):

in ionad:

“I gcás nach féidir méarloirg an duine sin a úsáid nó go dteipfidh ar an gcuardach leis na méarloirg, déanfar an cuardach trí bhíthin na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(a) agus/nó (c); féadfar an cuardach seo a dhéanamh i dteannta na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(b).”.

léitear:

“I gcás nach féidir méarloirg an duine sin a úsáid nó go dteipfidh ar an gcuardach leis na méarloirg, déanfar an cuardach trí bhíthin na sonraí dá dtagraítear i bpointí (a) agus/nó (c) de phointe (4) d'Airteagal 9; féadfar an cuardach seo a dhéanamh i dteannta na sonraí dá dtagraítear i bpointe (b) de phointe (4) d'Airteagal 9.”.

Ar leathanach 71, pointe (b) d'Airteagal 22(2):

in ionad:

“(b) na sonraí a tógadh ón bhfoirm iarratais, dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(a), (b) agus (c);”.

léitear:

“(b) na sonraí a tógadh ón bhfoirm iarratais, dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) de phointe (4) d'Airteagal 9;”.

Ar leathanach 71, pointe (e) d'Airteagal 22(2):

in ionad:

“(e) na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(a) agus (b) den chomhad nó de na comhaid iarratais nasctha i dtaca leis an gcéile agus leis na leanaí.”.

léitear:

“(e) na sonraí dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) de phointe (4) d'Airteagal 9 den chomhad nó de na comhaid iarratais nasctha i dtaca leis an gcéile agus leis na leanaí.”.

Ar leathanach 74, Airteagal 31(2):

in ionad:

“2. De mhaolú ar mhír 1, féadfar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(a), (b), (c), (k) agus (m) a aistriú [...]”,

léitear:

“2. De mhaolú ar mhír 1, féadfar na sonraí dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (c), (k) agus (m) de phointe (4) d’Airteagal 9 a aistriú [...]”.

Ar leathanach 76, Airteagal 37:

in ionad:

“Airteagal 37

Ceart chun faisnéise

1. Cuirfidh an Ballstát atá freagrach na hiarratasóirí agus na daoine dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(f) ar an eolas faoin méid seo a leanas:

- (a) céannacht an rialaitheora dá dtagraítear in Airteagal 41(4), lena n-áirítear a shonraí teagmhála;
- (b) cuspóirí phróiseáil na sonraí laistigh den VIS;
- (c) na catagóirí d’fhaighteoirí na sonraí, lena n-áirítear na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 3;
- (d) tréimhse choinneála na sonraí;
- (e) go bhfuil bailiú na sonraí éigeantach chun an t-iarratas a scrúdú;
- (f) go bhfuil ceart rochtana acu ar shonraí a bhaineann leo, agus go bhfuil sé de cheart acu a iarraidh go gceartófaí aon sonraí míchruinne a bhaineann leo, nó go scriosfaí aon sonraí a bhaineann leo a próiseáladh go neamhdhleathach, lena n-áirítear an ceart faisnéis a fháil faoi nósanna imeachta chun na cearta sin a fheidhmiú agus faoi shonraí teagmhála na nÚdarás Maoirseachta Náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 41(1), a éistfidh éilimh a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta.

2. Soláthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 i scríbhinn don iarratasóir nuair a bhaileofar na sonraí ón bhfoirm iarratais, an grianghraf agus na sonraí méarloirg dá dtagraítear in Airteagal 9(4), (5) agus (6).

3. Soláthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 do na daoine dá dtagraítear in Airteagal 9(4)(f), ar na foirmeacha a bheidh le síniú ag na daoine sin a sholáthróidh cruthúnas ar chuireadh, ar urraíocht agus ar chóiríocht.

Cheal foirme den sórt sin arna síniú ag na daoine sin, soláthrófar an fhaisnéis i gcomhréir le hAirteagal 11 de Threoir 95/46/CE.”,

léitear:

“Airteagal 37

Ceart chun faisnéise

1. Cuirfidh an Ballstát atá freagrach na hiarratasóirí agus na daoine dá dtagraítear i bpointe (f) de phointe (4) d’Airteagal 9 ar an eolas faoin méid seo a leanas:

- (a) céannacht an rialaitheora dá dtagraítear in Airteagal 41(4), lena n-áirítear a shonraí teagmhála;
- (b) cuspóirí phróiseáil na sonraí laistigh den VIS;
- (c) na catagóirí d’fhaighteoirí na sonraí, lena n-áirítear na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 3;
- (d) tréimhse choinneála na sonraí;

- (e) go bhfuil bailiú na sonraí éigeantach chun an t-iarratas a scrúdú;
- (f) go bhfuil ceart rochtana acu ar shonraí a bhaineann leo, agus go bhfuil sé de cheart acu a iarraidh go gceartófaí aon sonraí míchrúinne a bhaineann leo, nó go scriosfaí aon sonraí a bhaineann leo a próiseáladh go neamhdhleathach, lena n-áirítear an ceart faisnéis a fháil faoi na nósanna imeachta chun na cearta sin a fheidhmiú agus faoi shonraí teagmhála na nÚdarás Maoirseachta Náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 41(1), a éistfidh éilimh a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta.
2. Soláthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 i scríbhinn don iarratasóir nuair a bhaileofar na sonraí ón bhfoirm iarratais, an grianghraf agus na sonraí méarloirg dá dtagraítear i bpointí (4), (5) agus (6) d'Airteagal 9.
3. Soláthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 do na daoine dá dtagraítear i bpointe (f) de phointe (4) d'Airteagal 9, ar na foirmeacha a bheidh le síniú ag na daoine sin a sholáthróidh cruthúnas ar chúireadh, ar urraíocht agus ar chóiríocht.

Cheal foirme den sórt sin arna síniú ag na daoine sin, soláthrófar an fhaisnéis i gcomhréir le hAirteagal 11 de Threoir 95/46/CE.”.

Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2018/1092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 lena mbunaítear an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta lena ndírítear ar thacú le hiomaíochas agus cumas nuálaíochta thionscal cosanta an Aontais

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 200 Eagrán Speisialta Gaeilge an 7 Lúnasa 2018)

1. Ar leathanach 31, tús aithris (8):

in ionad:

“Tar éis tosaíochtaí maidir le cumas cosanta comhchoiteann a chomhaontú ar leibhéal an Aontais go háirithe tríd an bPlean Forbraíochta um Chumas, ...”,

léitear:

“Tar éis tosaíochtaí maidir le cumas cosanta comhchoiteann a chomhaontú ar leibhéal an Aontais go háirithe tríd an bPlean Forbartha Cumas, ...”.

2. Ar leathanach 31, aithris (9):

in ionad:

“Ba cheart do na Ballstáit, nuair is iomchuí, bainisteoir tionscadail a cheapadh freisin, amhail eagraíocht idirnáisiúnta um bainistíocht tionscadail, mar shampla an Eagraíocht um Chomhchomhar Armála, nó eintiteas cosúil leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint, chun an obair a bhaineann le forbairt birt chomhoibrithigh a fhaigheann tacaíocht ón gClár a stiúradh. I gcás ina ndéanfar ceapachán den sórt sin, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis an mbainisteoir tionscadail maidir leis an dul chun cinn a dhéanfar i ndáil leis an mbeart sin sula ndéanann sé an íocaíocht a fheidhmiú do thairbhí an bhirt incháilithe ionas go bhféadfaidh an bainisteoir tionscadail a áirithiú go n-urramóidh na tairbhíthe na tréimhsí ama.”

léitear:

“Ba cheart do na Ballstáit, nuair is iomchuí, bainisteoir tionscadail a cheapadh freisin, amhail eagraíocht idirnáisiúnta um bainistíocht tionscadail, mar shampla an Eagraíocht um Chomhchomhar Armála, nó eintiteas, amhail an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint, chun an obair a bhaineann le forbairt gníomhaíochta comhoibrithigh a fhaigheann tacaíocht ón gClár a stiúradh. I gcás ina ndéanfar ceapachán den sórt sin, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis an mbainisteoir tionscadail maidir leis an dul chun cinn a dhéanfar i ndáil leis an ngníomhaíocht sin sula ndéanann sé an íocaíocht a fheidhmiú do thairbhí na gníomhaíochta incháilithe ionas go bhféadfaidh an bainisteoir tionscadail a áirithiú go n-urramóidh na tairbhíthe na tréimhsí ama.”

3. Ar leathanach 31, aithris (11):

in ionad:

“Ós rud é gurb é cuspóir an Chláir tacú le hiomaíochas agus le héifeachtúlacht thionscal cosanta an Aontais tríd an riosca a bhaint de chéim forbartha na dtionscadal comhair, ba cheart bearta maidir le forbairt táirge nó teicneolaíochta cosanta, eadhon staidéir féidearthachta agus bearta tacaíochta eile, dearadh (lena n-áirítear na sonraíochtaí teicniúla ar a bhfuil an dearadh bunaithe), fréamhshamhaltú, tástáil, cáiliú, agus deimhniú córas agus le héifeachtúlacht a mhéadú thar saolré táirge nó teicneolaíochta cosanta, ba cheart na bearta sin a bheith incháilithe chun cistiú a fháil faoin gClár. Beidh uasghrádú na dteicneolaíochtaí agus na dtáirgí cosanta atá ann cheana, lena n-áirítear a n-idir-inoibritheacht, incháilithe freisin chun cistiú a fháil faoin gClár. Bearta maidir le táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta atá ann cheana féin a uasghrádú, níor cheart dóibh a bheith incháilithe ach amháin nuair nach mbíonn an fhaisnéis réamhbheithreach is gá chun an beart a dhéanamh faoi réir aon srianta a d’fhágfadh bac ar chumas an beart a dhéanamh.”

léitear:

“Ós rud é gurb é cuspóir an Chláir tacú le hiomaíochas agus le héifeachtúlacht thionscal cosanta an Aontais tríd an riosca a bhaint de chéim forbartha na dtionscadal comhair, ba cheart gníomhaíochtaí maidir le forbairt táirge nó teicneolaíochta cosanta, eadhon staidéir féidearthachta agus gníomhaíochtaí tacaíochta eile, dearadh (lena n-áirítear na sonraíochtaí teicniúla ar a bhfuil an dearadh bunaithe), fréamhshamhaltú, tástáil, cáiliú, agus deimhniú córas agus le héifeachtúlacht a mhéadú thar saolré táirge nó teicneolaíochta cosanta, ba cheart na gníomhaíochtaí sin a bheith incháilithe chun cistiú a fháil faoin gClár. Ba cheart uasghrádú na dteicneolaíochtaí agus na dtáirgí cosanta atá ann cheana, lena n-áirítear a n-idir-inoibritheacht, bheith incháilithe freisin chun cistiú a fháil faoin gClár. Gníomhaíochtaí maidir le táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta atá ann cheana féin a uasghrádú, níor cheart dóibh a bheith incháilithe ach amháin nuair nach mbíonn an fhaisnéis réamhbheithreach is gá chun an ghníomhaíocht a dhéanamh faoi réir aon srianta a d’fhágfadh bac ar an gcumas an ghníomhaíocht a dhéanamh.”

4. Ar leathanach 32, aithris (13) an dara habairt:

in ionad:

“(...) bearta a bhfuil leibhéal níos airde um ullmhacht teicneolaíochta ag baint leo, ba cheart comhaontú maidir le sonraíochtaí comhchoiteanna teicniúla a bheith ina choinníoll príomha chun bheith incháilithe chun cistiú a fháil faoin gClár. Ba cheart staidéir féidearthachta agus bearta a bhfuil mar aidhm acu tacú le sonraíochtaí teicniúla nó le caighdeán theicniúla comhchoiteann a bhunú a bheith incháilithe freisin chun cistiú a fháil faoin gClár.”

léitear:

“(...) gníomhaíochtaí a bhfuil leibhéal níos airde um ullmhacht teicneolaíochta ag baint leo, ba cheart comhaontú maidir le sonraíochtaí comhchoiteanna teicniúla a bheith ina choinníoll príomha chun bheith incháilithe chun cistiú a fháil faoin gClár. Ba cheart staidéir féidearthachta agus bearta a bhfuil mar aidhm acu tacú le sonraíochtaí teicniúla nó le caighdeán theicniúla comhchoiteanna a bhunú a bheith incháilithe freisin chun cistiú a fháil faoin gClár.”

5. Ar leathanach 32, aithris (16), an chéad abairt:

in ionad:

“I gcúinsí áirithe, ba cheart go mbeadh sé indéanta maolú ón bprionsabal nach bhfuil tairbhíthe ná fochonraitheoirí a bhaineann leis an mbeart faoi réir rialú ag tríú tír ná eintitis tríú tír. Sa chomhthéacs sin, maidir le gnóthais atá bunaithe san Aontas agus atá á rialú ag tríú tír nó ag eintitis tríú tír, ba cheart go mbeadh gnóthais den chineál sin a bheith in ann a bheith incháilithe do chistiú ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha ábhartha diana a bhaineann le leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a chuid Ballstát mar a bunaíodh i gcreat an chomhbheartais eachtraigh agus slándála de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), lena n-áirítear maidir le bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí a neartú.”

léitear:

“I gcúinsí áirithe, ba cheart go mbeadh sé indéanta maolú ón bprionsabal nach bhfuil tairbhíthe ná fochonraitheoirí a bhfuil baint acu leis an ngníomhaíocht faoi réir rialú ag tríú tír ná eintitis tríú tír. Sa chomhthéacs sin, maidir le gnóthais atá bunaithe san Aontas agus atá á rialú ag tríú tír nó ag eintitis tríú tír, ba cheart go mbeadh gnóthais den chineál sin a bheith in ann a bheith incháilithe do chistiú ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha ábhartha diana a bhaineann le leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a chuid Ballstát mar a bunaíodh i gcreat an chomhbheartais eachtraigh agus slándála de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), lena n-áirítear maidir le bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí a neartú.”

6. Ar leathanach 32, aithris (17):

in ionad:

“Ba cheart freisin go mbeadh comhar idir tairbhíthe agus bhfochonraitheoirí agus gnóthais atá bunaithe i dtríú tír nó arna rialú ag tríú tír nó ag eintiteas tríú tír, faoi réir coinníollacha ábhartha a bhaineann le leasanna slándála agus cosanta an Aontais gona Bhallstáit. Sa chomhthéacs sin, níor cheart go mbeadh aon rochtain neamhúdaraíthe ag tríú tíortha ná ag eintitis eile tríú tír ar fhaisnéis rúnaicmithe a bhaineann le feidhmiú an bhirt. Údaraítear rochtain ar fhaisnéis rúnaicmithe i gcomhréir leis na rialacha slándála ábhartha is infheidhme maidir le faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh agus le faisnéis arna haicmiú i gcomhréir le haicmiú náisiúnta slándála.”

léitear:

“Ba cheart freisin go mbeadh comhar idir tairbhíthe agus fochonraitheoirí a bhfuil baint acu leis an ngníomhaíocht agus gnóthais atá bunaithe i dtríú tír nó arna rialú ag tríú tír nó ag eintiteas tríú tír, faoi réir coinníollacha ábhartha a bhaineann le leasanna slándála agus cosanta an Aontais gona Bhallstáit. Sa chomhthéacs sin, níor cheart go mbeadh aon rochtain neamhúdaraíthe ag tríú tír ná ag eintitis eile tríú tír ar fhaisnéis rúnaicmithe a bhaineann le feidhmiú na gníomhaíochta. Údaraítear rochtain ar fhaisnéis rúnaicmithe i gcomhréir leis na rialacha slándála ábhartha is infheidhme maidir le faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh agus le faisnéis arna haicmiú de réir aicmithe náisiúnta slándála.”

7. Ar leathanach 32, aithris (20), an tríú abairt:

in ionad:

“Dá réir sin, i dtaca le rannchuidiú an bhirt sin leis na leasanna sin agus leis na tosaíochtaí maidir le cumas cosanta arna gcomhaontú ag na Ballstáit faoi chuimsiú an chomhbheartais eachtraigh agus slándála, ba cheart an rannchuidiú sin a bheith ina chritéar dámhachtana. Laistigh den Aontas, déantar tosaíochtaí maidir le cumas cosanta comhchoiteanna a shaináithint go háirithe tríd an bPlean Forbraíochta um Chumas. Le próisis eile an Aontais, amhail an tAthbheithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint agus an Buanchomhar Struchtúrtha, tacófar le cur chun feidhme na dtosaíochtaí ábhartha trí chomhar feabhsaithe.”

léitear:

“Dá réir sin, i dtaca le rannchuidiú na gníomhaíochta sin leis na leasanna sin agus leis na tosaíochtaí maidir le cumas cosanta arna gcomhaontú ag na Ballstáit faoi chuimsiú an chomhbheartais eachtraigh agus slándála, ba cheart an rannchuidiú sin a bheith ina chritéar dámhachtana. Laistigh den Aontas, déantar tosaíochtaí maidir le cumas cosanta comhchoiteanna a shainthint go háirithe tríd an bPlean Forbartha Cumas. Le próisis eile an Aontais, amhail an tAthbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint agus an Buanchomhar Struchtúrtha, tacófar le cur chun feidhme na dtosaíochtaí ábhartha trí chomhar feabhsaithe.”

8. Ar leathanach 33, aithris (26):

in ionad:

“Ós rud é gur cheart don Chlár gníomhaíochtaí taighde a chomhlánú, go háirithe i réimse na cosanta, agus ar mhaithe le comhsheasmhacht agus le simpliú riaracháin, ba cheart na rialacha céanna is atá in Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta agus ar Fís 2020: an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020) (‘Fís 2020’) a chur i bhfeidhm a mhéid is féidir ar an gClár. Is iomchuí, dá bhrí sin, íocaíochtaí indéacha a aisíoc de réir ráta comhréidh 25 % mar a dhéantar faoin Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta agus faoi Fís 2020.”

léitear:

“Ós rud é gur cheart don Chlár gníomhaíochtaí taighde a chomhlánú, go háirithe i réimse na cosanta, agus ar mhaithe le comhsheasmhacht agus le simpliú riaracháin, ba cheart na rialacha céanna is atá sa Gníomhaíocht Ullmhúcháin maidir le Taighde Cosanta (PADR) agus in Fís 2020: an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020) (‘Fís 2020’) a chur i bhfeidhm a mhéid is féidir ar an gClár. Is iomchuí, dá bhrí sin, íocaíochtaí indéacha a aisíoc de réir ráta comhréidh 25 % mar a dhéantar faoi PADR agus faoi Fís 2020.”

9. Ar leathanach 34, tús aithris (34):

in ionad:

“Tar éis na tograí a gheofar a mheas le cabhair saineolaithe neamhspleácha, arb iad na Ballstáit a dhéanfaidh a ndíntiúir phearsantaithe a bhailíochtú, roghnóidh an Coimisiún na bearta a ndéanfar cistiú orthu faoin gClár...”

léitear:

“Tar éis na tograí a gheofar a mheas le cabhair saineolaithe neamhspleácha, arb iad na Ballstáit a dhéanfaidh a ndíntiúir slándála a bhailíochtú, roghnóidh an Coimisiún na bearta a ndéanfar cistiú orthu faoin gClár...”

10. Ar leathanach 38, Airteagal 1:

in ionad:

“Bunaítear leis an Rialachán seo Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta (an ‘Clár’) i ndáil le gníomhaíochtaí an Aontais lena gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2020.”

léitear:

“Bunaítear leis an Rialachán seo Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta (an “Clár”) i ndáil le gníomhaíocht an Aontais lena gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2020.”

11. Ar leathanach 36, Airteagal 6, mír 1:

in ionad:

“Leis an gClár, cuirfear tacaíocht ar fáil do ghníomhaíochtaí arna ndéanamh ag tairbhíthe sa chéim forbartha, lena gcumhdaítear táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta nua agus uasghrádú táirgí agus teicneolaíochtaí atá ann cheana, ar choinníoll nach bhfuil úsáid na faisnéise a bhí ann roimhe agus is gá chun t-uasghrádú a dhéanamh faoi réir srianadh ó thríú tír nó ó eintiteas tríú tír, go díreach nó go hindíreach trí ghnóthas idirmheánach amháin nó níos mó ná ceann amháin.”

léitear:

“Leis an gClár, cuirfear tacaíocht ar fáil do ghníomhaíochtaí arna ndéanamh ag tairbhíthe sa chéim forbartha, lena gcumhdaítear táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta nua agus uasghrádú táirgí agus teicneolaíochtaí atá ann cheana, ar choinníoll nach bhfuil úsáid na faisnéise a bhí ann roimhe agus is gá chun an ghníomhaíocht don uasghrádú a dhéanamh faoi réir srianadh ó thríú tír nó ó eintiteas tríú tír, go díreach nó go hindíreach trí ghnóthas idirmheánach amháin nó níos mó.”

12. Ar leathanach 37, Airteagal 6, mír 2:

in ionad:

“2. Déanfar an beart dá dtagraítear i mír 1 i gcomhar le gnóthais a bheidh ag comhoibriú laistigh de chuibhreannas ina mbeidh trí eintiteas incháilithe, ar a laghad, atá bunaithe i dtrí Bhallstát dhifriúla ar a laghad. I gcás trí cinn, ar a laghad, de na heintitis incháilithe sin a bheidh bunaithe in dhá Bhallstát dhifriúla, ar a laghad, ní bheidh siad á rialú, go díreach nó go hindíreach, ag an eintiteas céanna, ná ní rialóidh siad a chéile.”

léitear:

“2. Is gnóthais a bheidh ag comhoibriú laistigh de chuibhreannas ina mbeidh trí eintiteas incháilithe, ar a laghad, atá bunaithe i dtrí Bhallstát éagsúil ar a laghad a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1. I gcás trí cinn, ar a laghad, de na heintitis incháilithe sin a bheidh bunaithe in dhá Bhallstát éagsúla, ar a laghad, ní bheidh siad á rialú, go díreach nó go hindíreach, ag an eintiteas céanna, ná ní rialóidh siad a chéile.”

13. Ar leathanach 37, teideal an Airteagail:

in ionad:

“Airteagal 7

Gníomhaíochtaí incháilithe”,

léitear:

“Airteagal 7

Eintitis incháilithe”.

14. Ar leathanach 37, Airteagal 7, mír 4, an chéad abairt:

in ionad:

“De mhaolú ar mhír 3 den Airteagal seo, agus faoi réir Airteagal 15(2), beidh gnóthas atá bunaithe san Aontas agus atá á rialú ag tríú tír nó ag eintiteas tríú tír incháilithe mar thairbhí nó mar fhochonraitheoir a bhaineann leis an mbeart, ach amháin más rud é go gcuirtear ar fáil don Choimisiún ráthaíochtaí arna bhformheas ag an mBallstát ina bhfuil sé bunaithe, i gcomhréir lena chuid nósanna imeachta náisiúnta. Féadtar tagairt a dhéanamh sna ráthaíochtaí do struchtúr bainistíochta feidhmiúcháin an ghnóthais atá bunaithe san Aontas. Más iomchuí leis an mBallstát ina bhfuil an gnóthas bunaithe, d’fhéadfadh na rathaíochtaí sin tagairt a dhéanamh freisin do chearta sonracha rialtasacha i rialú an ghnóthais.”

léitear:

“De mhaolú ar mhír 3 den Airteagal seo, agus faoi réir Airteagal 15(2), ní bheidh gnóthas atá bunaithe san Aontas agus atá á rialú ag tríú tír nó ag eintiteas tríú tír incháilithe mar thairbhí nó mar fhochonraitheoir a bhfuil baint acu leis an ngníomhaíocht, ach amháin más rud é go gcuirtear ar fáil don Choimisiún ráthaíochtaí arna bhformheas ag an mBallstát ina bhfuil sé bunaithe, i gcomhréir lena chuid nósanna imeachta náisiúnta. Féadfar tagairt a dhéanamh sna ráthaíochtaí sin do struchtúr bainistíochta feidhmiúcháin an ghnóthais atá bunaithe san Aontas. Más iomchuí leis an mBallstát ina bhfuil an gnóthas bunaithe, féadfar tagairt a dhéanamh sna ráthaíochtaí sin freisin do chearta sonracha rialtasacha i rialú an ghnóthais.”

15. Ar leathanach 39, Airteagal 9, mír 1:

in ionad:

“1. I gcás ina gcuirfeadh cúnaimh airgeadais an Aontais ar fáil trí bhíthin deontas, déanfaidh comhaltaí an chuibhreannais comhalta dá gcomhaltaí a cheapadh chun gníomhú mar chomhordaitheoir. Déanfar an comhordaitheoir a aithint sa chomhaontú deontais. Beidh an comhordaitheoir ina phríomhtheagmhálaí le comhaltaí an chuibhreannais maidir le caidreamh leis an gCoimisiún agus leis an gcomhlacht cistiúcháin ábhartha, mura sonraítear a mhalairt sa chomhaontú deontais nó i gcás nach gcomhlíonfar a oibleagáidí faoin gcomhaontú deontais.”

léitear:

“1. I gcás ina gcuirfeadh cúnaimh airgeadais an Aontais ar fáil trí bhíthin deontas, déanfaidh comhaltaí aon chuibhreannais ar mian leis bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht comhalta dá chomhaltaí a cheapadh chun gníomhú mar chomhordaitheoir. Déanfar an comhordaitheoir a aithint sa chomhaontú deontais. Beidh an comhordaitheoir ina phríomhtheagmhálaí le comhaltaí an chuibhreannais maidir le caidreamh leis an gCoimisiún agus leis an gcomhlacht cistiúcháin ábhartha, mura sonraítear a mhalairt sa chomhaontú deontais nó i gcás nach gcomhlíonfar a oibleagáidí faoin gcomhaontú deontais.”

16. Ar leathanach 39, Airteagal 11, mír 1:

in ionad:

“1. Ní rachaidh cúnaimh airgeadais an Aontais a chuirtear ar fáil faoin gClár thar 20 % de chostas incháilithe an bhirt dá dtagraítear i bpointe (c) d’Airteagal 6(1). I ngach cás eile, d’fhéadfaí suas le costas incháilithe iomlán an bhirt a chumhdach leis an gcúnaimh.”

léitear:

“1. Ní rachaidh cúnaimh airgeadais an Aontais a chuirtear ar fáil faoin gClár thar 20 % de chostas incháilithe gníomhaíochta dá dtagraítear i bpointe (c) d’Airteagal 6(1). I ngach cás eile, féadfar suas le costas incháilithe iomlán an bhirt a chumhdach leis an gcúnaimh.”

17. Ar leathanach 40, Airteagal 11, mír 3, an dara fómhír:

in ionad:

“Féadfar an ráta cistiúcháin a mhéadú de phointí céatadán atá coibhéiseach le céatadán chostas incháilithe iomlán beart atá sannta do FBManna atá bunaithe i mBallstáit ina bhfuil na gnóthais sa chuibhreannas nach FBManna iad bunaithe.”

léitear:

“Féadfar an ráta cistiúcháin a mhéadú de phointí céatadán atá coibhéiseach le céatadán chostas incháilithe iomlán beart atá sannta do FBManna atá bunaithe i mBallstáit ina bhfuil na gnóthais sa chuibhreannas nach FBManna iad bunaithe, suas le 5 phointe céatadán breise.”

18. Ar leathanach 40, Airteagal 11, mír 6:

in ionad:

“Ní mó ná 35 phointe céatadán a bheidh an méadú foriomlán ar ráta cistiúcháin an bhirt tar éis do mhíreanna 2, 3 agus 4 a chur i bhfeidhm.”

léitear:

“Ní mó ná 35 phointe céatadán a bheidh an méadú foriomlán ar ráta cistiúcháin gníomhaíochta tar éis míreanna 2, 3 agus 4 a chur i bhfeidhm.”

19. Ar leathanach 40, Airteagal 13, mír 1:

in ionad:

“Tabharfaidh coiste cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Tabharfar cuireadh don Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint a bheith ann lena barúlacha agus a saineolas a chur ar fáil don choiste mar bhreathnóir. Tabharfar cuireadh freisin don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí cúnaimh a thabhairt.”

léitear:

“Tabharfaidh coiste cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. Tabharfar cuireadh don Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint a barúlacha agus a saineolas a chur ar fáil don choiste mar bhreathnóir. Tabharfar cuireadh freisin don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí cúnaimh a thabhairt.”

20. Ar leathanach 41, Airteagal 15, mír 1:

in ionad:

“Agus an Clár á chur chun feidhme, déanfar cistiú an Aontais a dheonú tar éis glaonna iomaíochta a eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 966/2012 agus Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1268/2012.”

léitear:

“Agus an Clár á chur chun feidhme, déanfar cistiú ón Aontas a dheonú tar éis glaonna iomaíochta arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 966/2012 agus Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1268/2012.”

21. Ar leathanach 42, Airteagal 15, mír 2, an dara mír:

in ionad:

“Cabhróidh saineolaithe neamhspleácha, a bhfuil a sonraí aitheantais slándála bailíochtaithe ag na Ballstáit, leis an gCoimisiún i gcomhthéacs an nós imeachta dámhachtana.”

léitear:

“Cabhróidh saineolaithe neamhspleácha, a bhfuil a ndintúir slándála bailíochtaithe ag na Ballstáit, leis an gCoimisiún i gcomhthéacs an nós imeachta dámhachtana.”

22. Ar leathanach 41, Airteagal 17, mír 2:

in ionad:

“Chun tacú le héifeachtúlacht agus éifeachtacht bhearta an Aontais a fheabhsú sa todhchaí, déanfaidh an Coimisiún, tuarascáil mheastóireachta shiarghabhálach a tharraingt suas agus cuirfidh sé í chuig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle. Déanfaidh an tuarascáil cur le comhairliúcháin ábhartha leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí tábhachtacha, agus déanfaidh sí measúnú go háirithe ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3. Déanfar anailís sa tuarascáil freisin ar rannpháirtíocht trasteorann, lena n-áirítear rannpháirtíocht FBManna, agus cuideachtaí meánchaipitlithe, i mbearta arna ndéanamh faoin gClár...”

léitear:

“Chun tacú le héifeachtúlacht agus éifeachtacht ghníomhaíochtaí beartais an Aontais a fheabhsú sa todhchaí, déanfaidh an Coimisiún, tuarascáil mheastóireachta shiarghabhálach a tharraingt suas agus cuirfidh sé í chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Déanfaidh an tuarascáil cur le comhairliúcháin ábhartha leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí tábhachtacha, agus déanfaidh sí measúnú go háirithe ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3. Déanfar anailís sa tuarascáil freisin ar rannpháirtíocht trasteorann, lena n-áirítear rannpháirtíocht FBManna, agus cuideachtaí meánchaipitlithe, i ngníomhaíochtaí arna ndéanamh faoin gClár...”

23. Ar leathanach 42, Airteagal 18, mír 1:

in ionad:

“Nuair a chuirfear chun feidhme bearta arna maoiniú faoin Rialachán seo, déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí lena áirithiú go ndéanfar leasa airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm...”

léitear:

“Nuair a chuirfear chun feidhme bearta arna maoiniú faoin Rialachán seo, déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí lena áirithiú go ndéanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm...”

24. Ar leathanach 42, Airteagal 18, mír 3:

in ionad:

“... d’fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasa airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó le cinneadh deontais nó le conradh a chistítear faoin gClár.”

léitear:

“... d’fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó le cinneadh deontais nó le conradh a chistítear faoin gClár.”

25. Sa Rialachán seo tríd síos, agus de bhreis ar na ceartúcháin shonracha a luaitear roimhe seo, cuirtear an leagan cuí gramadaí den fhocal “gníomhaíocht” in ionad an leagain chomhfhreagraigh den fhocal “beart” agus déantar cibé oiriúnuithe gramadaí eile is gá de bharr na n-athruithe sin ach amháin ar leathanach 31, Aithris 11, an tríú line; leathanach 35, Aithris 37; leathanach 35, Aithris 39; leathanach 37, Airt 6(1), an dara mír, pointe (a); leathanach 38, Airt 7(4), an dara mír, an line leathdheireanach; agus leathanach 42, Airt 18(1), deireadh na chéad line, agus an dara line.

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)



Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

